

## Cnósach Luachmhar Seanráite as Lámhscríbhinn Feiritéar 1\*

Meidhbhín Ní Úrdail

Tá bailiúchán de naoi gcinn déag ar fhichid de lámhscríbhinní Gaeilge ar buanchoimeád inniu i Leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Bailiúchán an Fheiritéaraigh a tugtar air seo, i gcuimhne ar an únaeir bunaidh, Pádraig Feiritéar (1856–1924) ón mBaile Uachtarach i gCorca Dhuibhne, a chuaigh an cuan amach ar imirce go Meiriceá ar bord an *Cephalonia* i dtreo dheireadh Eanáir 1895 agus a cailleadh i Chicago ar 21 Iúil 1924.<sup>1</sup> Thug an Feiritéarach leis ó Éirinn a raibh ina sheilbh cheana féin de lámhscríbhinní aige agus chuir sé lena chnósach thall, ag leanúint leis de bheith ag breacadh téacsai agus ag bailiú a thuilleadh eile fós ó imircigh éagsúla a thug lámhscríbhinní leo go dtí an Domhan Nua. Bhí sé socair aige sarar cailleadh é go mbronnfaí a chuid lámhscríbhinní ar Ollscoil na hÉireann mar chomhartha buíochais agus ómóis as cinneadh Sheanad na hOllscoile go mbeadh an Ghaeilge éigeantach sa Mháithreánach — stádas a tugadh di sa bhliain 1913. Tharla sé sin a bhuíochas ar Dhubhghlas de hÍde, Ollamh le Teanga agus le Litríocht na Nua-Ghaeilge i gColáiste Bhaile Átha Cliath (1909–32), a chuir rún fé bhráid an tSeanaid á mholadh san. Bhí sé mar choinníoll ag fear Iarthar Duibhneach, dá réir, gurbh i gColáiste Bhaile Átha Cliath a bheadh a chuid lámhscríbhinní ar sábháil.<sup>2</sup>

Isteach is amach le naoi gcéad leathanach atá sa lámhscríbhinn is toirtiúla ar fad, Feiritéar 1, bailiúchán substaintiúil amhrán agus dánta a fuair ár bPádraig óna mhuintir féin agus ó chainteoirí eile Gaeilge a cheantair dhúchais in Éirinn agus i Meiriceá idir Meán Fómhair 1889 agus Aibreán 1913.<sup>3</sup> Is inti seo, leis, atá an dara leagan de *Caoineadh Airt Uí Laoghair* a thug Nóra Ní Shíndile uaithi, téacs a chóipeáil an Feiritéarach ó lámhscríbhinn le Domhnall Mac Cáib (1818–1903) ón mBántír, Co. Chorcaí. Chríochnaigh sé a chuid cóipeála ar 1 Aibreán 1894 agus chuir sé ranna breise leis an téacs a fuair sé i Meán Fómhair na bliana 1893 óna bhean ghaoil, Máraed Ní Fhionnagáin, i mBaile an Chalaigh ‘taobh thiar de Dhaingean Uí Chúise’. Foilsíodh é seo go léir i dteannta nótaí téacsúla i dtír imleabhar de *An Gaodhal* (Meitheamh–Lúnasa 1899).<sup>4</sup> Níor chuir an Feiritéarach a ainm leis an ábhar clóite, ach d’fhoilsigh sé scéalta Gaeilge eile taca an ama chéanna in dhá imleabhar de

\* Tá buíochas ar leith ag dul don Dr Seán Ua Súilleabháin as pointí éagsúla a phlé liom agus an aiste seo á réiteach. Táim buíoch, leis, den Dr Roibeárd Ó hÚrdail agus den Dr Pádraig Ó Héalaí a chaith go fial lena gcuid eolais liom, agus de Evelyn Flanagan agus de Eugene Roche, Leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

<sup>1</sup> Mar le scéal a bheatha, feic Ó Sé, S., ‘Pádraig Feiritéar (1856–1924): a Shaol agus a Shaothar’, *Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society* 3, 1970, 116–30. Tá breis curtha leis an méid sin in Ní Úrdail, M., ‘Athfhéachaint ar Bhailiúchán Lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh’, *Éigse* 40 (le teacht 2018).

<sup>2</sup> Ní Úrdail, *op. cit.*

<sup>3</sup> ‘In ainim Déi do thósaighas air an leabhar so do sgríobh An 11.9.1889. Patraic Ferritéar’ (Feiritéar 1, ceanteideal ar lch 1); ‘Tá an leabhar so anis críochnaighthe, moladh agus buidheachas le Dia d’a chionn. Dia Domhnaigh, an 20adh lá de Abarán, ann úimhir 201 de shráid 42 soir i n-Eabhrach Nua. Pádraig Feiritéar’ (Feiritéar 1, colafan ar lch 928). Dátaí ‘16.4.1913.’ (dhá uair, lch 907) agus ‘lá ’lé Pádraic na bliad[h]na 1913’ (lch 907).

<sup>4</sup> Feiritéar 1, lgh 298–305. Tá sé seo foilsithe ó shin arís i dteannta aistriúcháin Bhéarla ag Angela Bourke, ‘Eibhlín Dubh Ní Chonaill (c.1743–c.1800)’, *The Field Day Anthology of Irish Writing. Volume IV. Irish Women’s Writing and Traditions*, (eag.) Bourke, A., Kilfeather, S. et. al., Cork, 2002, 1372–84. Cf. Ó Tuama, S., *Caoineadh Airt Uí Laoghair*, Baile Átha Cliath 1961, 49.

*An Gaodhal* (Meitheamh-Iúil 1899) — i sraith dar teideal ‘Sgéalta ó Iarthar Éireann’ mar ar chuir sé a ainm cleite ‘An Síogaidhe Infiúchtach’ leis an méid sin — sa tslí is gur dóichí ná a chéile gurbh é féin, leis, a chuir an leagan seo de *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* i gcrích chun a chlóite.

\*\*\*

Is é an cnósach breá seanráite i Feiritéar 1 is gnó anseo dhúinn. Ar leathanaigh 56–7 a thosnaíonn an t-ábhar seo agus tá an farasbarr breactha ar lgh 120–1, lgh 496–7 agus ar lch 617.<sup>5</sup> Chuir an Feiritéarach dátaí éagsúla leis an obair féin a chuimsíonn na blianta idir 1893 agus 1898, rud a fhágann gurbh i gCorca Dhuibhne a luigh sé amach ar na seanráite a bhreacadh síos i dtosach báire agus gur lean sé dá chuid oibre thall i Meiriceá. Is eol ó aon cholafán amháin dá chuid, mar shampla, gurbh i gcathair Quincy a bhí sé ar 9 Márta 1895 — an dáta is túisce, dála san, a bhaineann le haon obair scríofa a chuir sé i gcrích sa Domhan Nua.<sup>6</sup> Ón uair gur thionscnamh leanúnach cúig bliana a bhí sa chnósach seo, mar sin, ní bheadh súil ag duine le haon ord ar leith a bheith déanta ar na seanráite, de réir aibítire cuirim i gcás, ná níl aon rangú téamúil déanta orthu ach chomh beag.

Tá gnás an rangaithe théamúil curtha i bhfeidhm thíos chomh maith le huimhir a bheith luaite le gach mír — fé mar atá sa mhórchnósach eile a bhaineann le canúint na Mumhan, *Seanfhocail na Mumhan*.<sup>7</sup> Is féidir roinnt seanfhocal a riaradh ar níos mó ná aon chatagóir amháin agus tugtar crostagairtí sna cásanna seo. Soláthraítear aistriúchán Béarla, leis, atá chomh dílis agus is féidir don mbuntéacs; mínítear a bhfuil i gceist leis an aistriúchán liteartha nuair is gá san, agus, san áit go bhfuil a leithéid i gceist, tugtar a mhacasamhail de sheanfocal as Béarla. Is liom féin an phoncaíocht agus tá an litriú tabhartha chun slachta áirithe, ach an méid sin gan tréithe na canúna a cheilt ná a mhúchadh ar fad.<sup>8</sup> Cuireadh *is* (cónasc) in áit 7 na lámhscríbhinne. Nuair nach leantar úsáid na lámhscríbhinne, tugtar an bunléamh: seasann *cht* (cló iodálach) don chiorrúchán *cht* agus *as / eas* (i gcló iodálach) don chiorrúchán *us*; tá *h* (i gcló iodálach) in áit an *punctum delens*.

Toisc trasnaíol áirithe a bheith idir ar bhailigh an Feiritéarach thíos agus a bhfuil i gcló cheana féin d’ábhar Muimhneach, tá crostagairtí tabhartha do na saothair fhoilsithe seo a leanas:

Nils Holmer, *The Dialects of Co. Clare II*, 1965 = DCC;

Breandán Ó Buachalla, *An Teanga Bheo: Gaeilge Chléire*, 2003 = GC;

*Irisleabhar na Gaedhilge. The Gaelic Journal* 5–6, 1894–5 = IG;<sup>9</sup>

<sup>5</sup> ‘Seandráidhte’ atá in ócáid mar theideal (lgh 56, 120), chomh maith le ‘Seannráidhte’ (lch 57), ‘Seanda-Ráidhte’ (lch 496) agus ‘Sean-Ráidhte’ (lch 617).

<sup>6</sup> ‘30 Bryant Ave. West Quincy, Mass. Dia Satharain 9.3.1895. P. Ferritéar’ (Feiritéar 1, lch 121).

<sup>7</sup> Ua Maoileoin, P., *Seanfhocail na Mumhan*, Baile Átha Cliath, 1984, i.e. eagrán nuamhéadaithe de *Seanfhocail na Muimhneach* a chuir An Seabhac amach sa bhliain 1926. Luann Ua Maoileoin ina réamhrá gur chuir sé ceithre chéad seanfhocal breise le saothar an tSeabhaic chomh maith le ‘dul go dtí Caint an Chláir leis an Athair Mac Clúin agus cuid mhaith a thógaint as faoi Chosúlóidí agus Comórtais, chomh ... le ..., agus mar sin de’ (x).

<sup>8</sup> Mar le nósanna áirithe litrithe an Fheiritéaraigh, feic Ó Caomhánaigh, S., ‘An Bhreasáil’, *Lia Fáil* 3, 1930, 127–38 (ag 127); Ó Caomhánaigh, S., ‘Séipéilín Ghallaraí’, *Lia Fáil* 4, 1932, 188–94 (ag 192).

<sup>9</sup> ‘Proverbs — Cork’, *Irisleabhar na Gaedhilge. The Gaelic Journal* 5, uimhir 7 (1894), 104–5, uimhir 8 (1894), 125–6; ‘Proverbs and Popular Sayings’, *Irisleabhar na Gaedhilge. The Gaelic Journal* 5, uimhir 9 (1894), 139–41, uimhir 10 (1894), 157–8; ‘Proverbs — Munster’, *Irisleabhar na Gaedhilge. The Gaelic Journal* 5, uimhir 11 (1894), 172, uimhir 12 (1894), 184–5; ‘Proverbs — Munster’, *Irisleabhar na Gaedhilge. The Gaelic Journal* 6, uimhir 1 (1895), 9–10, uimhir 3 (1895), 39–40;

Thomas F. O’Rahilly, *A Miscellany of Irish Proverbs*, 1922 = MIP;  
 Donncha & Seán Ó Cróinín, *Seanachas Phádraig Í Chrualaoi*, 1982 = PÓC;  
 Donncha & Seán Ó Cróinín, *Seanachas ó Chairbre*, 1985 = SC;  
 Pádraig Ua Maoileoin, *Seanfhocail na Mumhan*, 1984 = SM;  
 Séamus Ó Duilearga, *Leabhar Sheáin Í Chonaill. Sgéalta agus Seanchas ó Íbh Ráthach*, 1948 = SÓC;  
 Donncha & Seán Ó Cróinín, *Scéalaíocht Amhlaoibh Í Luinse*, 1971 = ScéalAÍL;  
 Donncha & Seán Ó Cróinín, *Seanachas Amhlaoibh Í Luinse*, 1980 = SeanAÍL;  
 Torna, *Sean-Fhocail na Mumhan*, 1902 = Sean-Fh;  
 Seosamh Laoide, *Tonn Tóime*, 1915 = TT.

Tugtar aon leagan(acha) deifreach(a) sna foilseacháin thuasluaite mar aon le crostagairt do sheanfhocail eile i gcnósach an Fheiritéaraigh ag *Var.* (= *varia lectio / variae lectiones*). I gcás §45, §61 agus §125 thíos, tá leaganacha deifreacha á soláthar, leis, as foclóir an Duinnínigh (= Dinneen) agus aon leagan amháin (feic §125) as foclóir Uí Dhónaill (= Ó Dónaill).<sup>10</sup>

\*\*\*

## AN DUINE AGUS A THRÉITHE<sup>11</sup>

### 1 A chúram féin cúram gach éinne.

*One’s own concern is everyone’s concern, i.e. one’s own interests come first.*

LS aein-ne.

*Var.* A anam féin ar ghualainn gach aonne(ich). IG 39.

A sgéal féin sgéal gach éinne. Sean-Fh 3.

Feic §42, §133 thíos.

### 2 Aithníonn an ainnise a duine féin i gcónaí.

*Misery always recognizes its own self, i.e. when a person already has enough misery to deal with.*

LS Aithnaighan aindeise i g-comhnaidhe.

*Var.* Aimsigheann an donas a dhuine féin i gcomhnuidhe. IG 40.

Aithníonn an donas a dhuine féin. Duine a mbíonn a dhóthain de cheana air. SM §1508.

### 3 Aithníonn na haingil a chéile. Cf. TT 108 §79.

*Angels recognize each other; cf. birds of a feather flock together.*

LS Aithnaighan h-aingail

*Var.* Aithníonn faoitín faoitín eile. GC 96.

### 4 An rud is mór ag duine is beag ag duine eile é.

*What is important (or big) to one person is unimportant (or small) to another.*

‘Proverbs and Sayings’, *Irisleabhar na Gaedhilge. The Gaelic Journal* 6, uimhir 4 (1895), 60–1; ‘Proverbs’, *Irisleabhar na Gaedhilge. The Gaelic Journal* 6, uimhir 5 (1895), 78–9, uimhir 6 (1895), 90–1.

<sup>10</sup> Dinneen, P.S., *Foclóir Gaedhilge agus Béarla. An Irish-English Dictionary*, Dublin, 1927; Ó Dónaill, N., *Foclóir Gaeilge-Béarla*, Baile Átha Cliath, 1977.

<sup>11</sup> D’oirfeadh §174, §175 agus §213 sa chatagóir seo chomh maith.

LS rod as

**5** An rud nach bhfuil leigheas air foighne is fearr air.

*Patience is the best remedy for what cannot be cured, i.e. what cannot be cured must be endured.*

LS red nách bh-fuill léigheas

*Var.* Ar an rud nach féadfar do leigheas isí an fhoighde is fearr. MIP §219.

Ar an rud nach féidir do leigheas is í an fhoidhne is fearr. Sean-Fh 3.

Feic §58 thíos.

**6** An té go mbíonn an rath air féin, bíonn sé ar a chuid cabáiste.<sup>12</sup> Cf. SM §1443.

*The one who himself prospers, his cabbage prospers.*

LS m-bidhan raith bidhan-sé

*Var.* An té go mbíonn an t-ámhar air féin, bíonn sé ar a chuid cabáiste. GC 98.

An té ná bíonn an rath air féin ní bhíonn sé ar a chat ná ar a mhadra. SM §1444.

Bíonn an rath idir dhá cheann an tí. SM §1451.

An té go mbíonn an rath air féin bíonn sé ar a chuid gabáiste. TT 107 §50.

Nuar a bhíonn an rath ort féin, bíonn sé ar do chuid. TT 111 §148.

**7** An té a chuireann i bhfolach is é a fhaigheann amach.

*The one who hides is the one who finds out.*

LS chuiran bh-folach is sé fhaghan

*Var.* An rud ná himthigheann, fachtar é. TT 112 §198; cf. IG 104 §20.

**8** An té lérab cúng fágadh.

*Let the one who finds it narrow leave, i.e. let the one who cannot cope leave it to the one who can; cf. if you can't stand the heat, get out of the kitchen.*

LS cúmhang

*Var.* An té ar cúng leis fágadh. SM §1713; cf. Sean-Fh 3.

Feic §13 thíos.

**9** Arm caillí cloch. Cf. SM §65.

*A stone is an old woman's weapon.*

LS caillaighe

**10** Bíonn leacacha na ndaoine móra sleamhain.

*The flagstones of the high and mighty are slippery.*

LS Bidhann leacacha n-daoine muara sleamhain.

*Var.* Bíonn leacacha sleamhna i dtighthe daoine uaisle. TT 109 §99.

**11** Bíonn Tadhg an Daingin in áitibh eile féin.

*Tadhg of Dingle is even in other places.*

LS Bidhan Daingain ali

---

<sup>12</sup> Feic n. 37 thíos.

*Var.* Bean ghlic ón nDaingean. SM §1072.

**12** Cad é an tábhacht: éagan cailín sochas éagan caillí?

*What matters: a silly girl or a silly old woman?*

LS égan égan caillaighe

*Var.* Is fearr éagan caillí ná éagan cailín. Éagan: duine gan fód gan fuaimint. SM §63

**13** Cia bé lér cúng fágadh.

*Let whoever finds it narrow leave.*

LS Cie b'é cúmhang

*Var.* Feic §8 thuas.

**14** Cuireann béal na huaighe rud i mbéal na trua.

*The mouth of the grave places something in the mouth of compassion, i.e. elicits compassion.*

LS Cuirann béal h-uagha red m-béal truaighe.

*Var.* Is minic do scaoil béal na h-uaghe béal na truaighe isteach. DCC 167 §47.

Tugann béal na huaighe rud do naí na trua. SM §194.

**15** Dá mba iad bric na habhann a íosfadh é, is é Seán Bhaile na hAbhann<sup>13</sup> a dhíolfaidh as.

*If the river's trout would eat it, Seán of Ballinahoun will pay for it, i.e. regardless of the action (or crime), Seán of Ballinahoun will be held responsible.*

LS m-badh h-abhan íosfadh

Is e Seághan Bhaile na h-abhan a dhíolfidh

*Var.* Pé duine a ólfaidh é (is é) Dónall a dhíolfaidh as. Pé duine a dhéanfaidh é mise a chaithfidh cuntas a thabhairt ann. SM §528.

**16** Dá mbeadh mil ar gach mias aige.

*If he had honey in every one of his dishes, i.e. if he had a happy lot in life.*

LS m-beidheadh air

**17** Do bhéarfadh ságán sneachta ann é.

*A rope of snow would bring him there, i.e. he would go on the slightest pretext.*

LS bhérfadh sneachta

**18** Duine gan chuid ní beag do a mhuirear é féin.<sup>14</sup>

*A man without means is himself enough of a family [to support].*

LS beg doish ash mhuirar

*Var.* Ní beag do dhuine gan chuid, de chuin, é féin. IG 61 §5.

---

<sup>13</sup> An fo-bhaile, ní foláir, i mbaile fearainn an Bhaile Dhuibh, barúntacht Triúcha an Aicme, Co. Chiarraí.

<sup>14</sup> '21.2.1895 Mrs Duggan Banteer' (nóta díreach ina dhiaidh).

**19** Fallaí fuara a dhéanann óinseach.

*Cold walls make a foolish woman, i.e. an empty, cold house will not encourage good housekeeping.*

LS Falaidhe dhéinan óinsach.

*Var.* Fallaí fuara do-ní óinseacha nó Fallaí fuara do-ní bean tí ghuagach. Teach folamh — ní chuireann sé fonn ar bhean a bheith slachtmhar críochnúil. SM §61.

**20** Is ait le Dia duine bocht súgach.

*God likes a poor cheerful fellow.*

LS diei

**21** Is annamh fear náireach éadáileach.<sup>15</sup>

*A shy man is seldom wealthy, i.e. if you do not ask you will not receive.*

LS anamh fer náirach édáilach.

*Var.* Ní gnáth fear náireach éadálach. MIP §109.

Ní gnáthach fear náireach éadálach. SM §1420; cf. TT 113 §11.

Feic §84 thíos.

**22** Is breá í an ghile dá mbeadh is go mbeadh sí ag sileadh as a chéile.

*Brightness (or purity) is splendid even if falling asunder, i.e. even in poverty.*

LS breágh m-beidhadh m-beidhadh siladh as ash

**23** Is buan é crann na míghrás.

*The tree of evil is lasting, i.e. the fruits of evil are lasting.*<sup>16</sup>

LS mídhghrás.

**24** Is cuid den ghlóire an ghlaine.

*Cleanliness is part of glory, i.e. cleanliness is next to godliness.*

LS de'n

*Var.* Is don ghlóire an ghluine. MIP §93.

**25** Is deartháir do Thadhg Riabhach Domhnall Gránna.

*Domhnall Gránna is a brother of Tadhg Riabhach, i.e. one is as bad as the other.*

LS dritháir Grána.

*Var.* Dríotháir do Thadhg Riach Dónal Gránna: deirtear é sin nuair a dhineann duine rud chó holc le duine eile. SC 509 §11.

Dearbhráthair do Thaidhg (riabhach) Domhnall (gránna). Sean-Fh 5.

**26** Is dóigh le fear na buile gurb é féin fear na céille. Cf. SC 499 §24; TT 108 §80.

*The lunatic reckons that he himself is the most sensible man.*

LS dóil le gur budh é

---

<sup>15</sup> Feic n. 37 thíos.

<sup>16</sup> Nó a leithéid seo, b'fhéidir: *The lot of illfavours is lasting?*

*Var.* Is dóigh le gaduidhe na gcruach gur bradach iad an sluagh. IG 125 §54.

**27** Is duine gan éinne duine ar an t-éinne.  
*A person without anyone is a person alone.*

LS aen-ne air t-aein-ne.

*Var.* Is mór an ní duine ar dhaoine gan aoinne. Duine clainne a shaolú dóibh. SM §1592.

**28** Is é sin Bríd ag breith clainne is a dtinneas ar Dhomhnall.  
*That is Bríd heaping a family and its woes on Domhnall.*

LS Bríghid d-tinneas air Dhómhnall.

*Var.* Cáit ag breith chlainne is a dtinneas ar Dhónall. Le searbhas a déarfaí. SM §128.

**29** Is é sin léig / scaoil mé chuig an bhodaigh agus ná léig an bodach chugam.  
*That is allow me go to the churl and do not allow the churl go to me, i.e. let me do as I please but save me from the consequences.*

LS léig [sgaoil *superscript*] mi bhodaigh agas

*Var.* Scaoil mé chun an bhodaigh ach ná scaoil an bodach chugam. SM §1765.

**30** Is fearr aifreann romhat ná dhá aifreann id dhéidh.  
*Better a mass before you than two masses after you.*

LS fearr [air *cealaithe*] aifran rómhat aifran iod dhéig.

*Var.* Is fearr aon ghuí amháin romhat ná seacht nguíte i t'iaidh. GC 96.

Is fearr Aifreann rôl ná dhá Aifreann at dhiaig — 'sé sin Aifreann sara gcailltear an duine. SeanAÍL 348 §83.

**31** Is fearr an troid ioná an t-uaigneas.  
*Better a quarrel than loneliness.*

**32** Is fearr aon chiall amháin a foghlaimeofaí ioná dhá chiall a múinfí.  
*Better one reason (or meaning) learned than two taught.*

LS aen foghlameoghfaidhe indá múinfaidhe.

**33** Is fearr lán doirn d'fhear ioná lán gaid de mhnaoi. Cf. SM §30; TT 111 §155.  
*Better a fistful of man than a stringful of woman, i.e. a man is physically stronger than a woman.*

LS duirn iondá.

*Var.* Is fearr lán doirn d'fhear ná lán gaid de mhnaoi. Is áirithe nach bean a chum! SM §30.

**34** Is fearr súil le glas ioná súil le húir.  
*Better to expect a lock than to expect soil, i.e. better to expect prison than the grave.*

LS indá h-úir.

*Var.* Is fearr súil le beul na con 'ná súil le beul na huamha. IG 125 §48.

Fearr súil le glas ná súil le huaigh. MIP §209; cf. IG 184 §16; TT 110 §128.

Is fearr súil le glas ná súil le huaig: dá mbeadh duine insa chaisleán bheadh amhras agat go dtiocfadh sé amach, ach níl aon amhras agat go dtiocfaigh duine as an uaig chút. SC 500 §27.  
Is fearr súil le glas ná súil le huaigh. Príosún ná bás. SM §198.  
Is fearr súil le glas ná súil le huaigh (nó le húir). SM §1701.  
Is fearr súil le béal na trua ná súil le béal na hua. SeanAíl 348 §88.  
Is fearr súil le glas 'ná súil le huaigh (nó, le críon, nó, le húir). Sean-Fh 9.

**35** Is iomdha croiceann do chuireann an óige di.

*Youth often sheds its skin, i.e. youth is extravagant but extravagance does not last, or youth goes through many phases.*

*Var.* Is mó croiceann chuireann an óige dhi. MIP §113.

Is iomdha craiceann (nó cor) a chuireann an óige di. SM §261; cf. Sean-Fh 9.

**36** Is lasmuigh de dhuine a bhíonn a gháire.

*A person's laugh is on the outside.*

LS las-muich edh bhidhann

*Var.* Lasmuigh de dhuine a bhíonn a gháire. Agus a mhalairt laistigh. SM §668.

**37** Is measa dhuit do chómharsa atá i d'aice ioná do ghaol i bhfad uait.

*Your neighbour nearby is of more value to you than the relative far from you.*

LS iod aice iondá du ghael bh-fad

*Var.* Is measa do dhuine comharsa bhéal dorais ná duine muinteartha i bhfad uaidh. Is measa do: is mór is fiú dó. SM §1590.

**38** Is minic a báitear lán loinge is báid mar gheall ar éinne amháin.

*A shipful and boatful are often sunk because of one person.*

LS eadh báithtar air aen-ne

**39** Is minic a fuair croí gan dochma rud ina dhorn nár shíl sé.

*A light (or soft) heart often found an unexpected handful.*

LS eadh croidhe rod i n-a shaoil

**40** Is mór é Ó Dubhda ina dhúthaigh féin.

*Ó Dubhda is great (or proud) in his own native place.*

LS Dúbhda i n-a dhúthaig

*Var.* Is folláin é fear 'n-a dhúthaigh. IG 39.

Is buan fear ina dhúthaigh (féin). SM §1043; cf. Sean-Fh 8.

**41** Is úr stiall de leathar dhuine eile. Cf. IG 126 §68, 172 §6; TT 112 §189.

*A strip of another's leather is fresh (or soft).*

LS stiall

*Var.* Is fial stiall de leathar dhuine eile. SM §1162.

Is úr (fial) stiall de leathar dhuine eile. Sean-Fh 11.

**42** Más gairid do dhuine a chóta is giorra ioná san do a léine.



*If a man's coat is close to him his shirt is even closer, i.e. one's own interests come first.*

LS Má is indá doi

*Var.* Is giorra do dhuine a chóta ná a léine nó Is giorra do dhuine a chraiceann ná a léine. Do chúram féin roimh chúram aoinne eile. SM §1041.

Dá ghiorra do dhuine a chasóg (nó chóta) is giorra ná sin do a léine. TT 109 §105.

Feic §1 thuas, §133 thíos.

**43** Más maith in ao' chor sinn is maith in éineacht sinn.

*If we are any good at all it is together.*

LS Má is in néachar i n-aenacht

*Var.* Ní neart go cur le chéile. SM §1319.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine (nó an saol). SM §1320.

**44** Méinn mhaith péarla gach uile ní is bíodh an scéimh ar an té ar ar cuireadh í.<sup>17</sup> Cf. SeanAÍL 351 §115.

*A good disposition [is] the pearl of everything and let beauty be on the person on whom it is put, i.e. there is no need to envy beauty because being of good disposition is a person's most important trait.*

LS Méing pérla nídh A's bídhadh sgéimh air air air cuirabh

*Nóta* Seo mar thuig Amhlaoibh Ó Luínse (1872–1947) é:

Déarfí gur fearr duine ná beadh a' féachaint ró-mhaith dá mbeadh méinn mhaith aige ná an té go mbeadh an scéimh álainn air. SeanAÍL 351 §115.

Tá macalla an tseanfhocail seo ó rann a raibh dhá leagan de coitianta i Múscraí. Ó Mhícheál 'Ó Murachú, Baile Í Bhuaidh' (1873–1953), a saolaíodh i gCúil Aodha, a bailíodh an leagan seo sa bhliain 1933:

Is dubh í an sméar lá gréine agus is milis í  
is searbh géar iad caora an chuilinn chaoin  
méinn mhaith péarla gach uile nídh  
agus bíodh an scéimh ar an té ar a (sic) cuireadh í. SeanAÍL 451.

Ag Máire Ní Chéileachair (1918–81), ó Dhoirín Álainn, Baile Bhuirne, a bhí an leagan seo:

Is dubh é an sméar cé geal a croí,  
is searbh iad caortha an chárthainn chruinn,  
'sí an mhéinn mhaith péarla an uile ní  
's bíodh an scéimh ar an té ar a gcuirtear í.<sup>18</sup>

**45** Míchéadfa deireadh na tréimhse.

*Indignation (or unreason) [marks] the end of the term (of service).*

LS Mí-chédtha deire tréighaise.

*Var.* Oirbhire deireadh gach tréimhse. Dinneen s.n. *oirbhire*.

Írídih deireadh na tréimhse. IG 10.

<sup>17</sup> 'Ó Muimhneacháin 11.12.93' (nóta ar dheis uaidh seo).

<sup>18</sup> Mo bhuíochas leis an Dr Seán Ua Súilleabháin as an leagan seo a chur chugam a fuair sé óna aintín, Máire Ní Chéileachair, timpeall na bliana 1977.

**46** Mol an óige agus tiocfaidh sí. Cf. SC 500 §32; Sean-Fh 11; TT 112 §181.  
*Praise youth and it will flourish.*

LS agas tiocfidh

*Var.* Mol an óige is tiocfaidh sí agus Buail sa tóin í is titfidh sí. SM §262–3.

*Nóta* Chuir ‘Hamit’ (Seán Ó hAo, 1861–1946) ó Chuan Dor i mbarúntacht Chairbre an méid seo leis:

Dá mbeadh mithal ann agus páiste ’na measc, bíonn léasaíocht leis, ach fáin dá dtosnaítheá ar é mhola b’fhéidir go ndéanfaidh sé oiread agus dhéanfaidh beirt ansan. Nú dá mbeadh páiste ann a bheadh breoite i gcónaí, b’fhéidir go dtiocfadh feabhas air leis an aimsir. SC 500 §32.

**47** Múchann an fhéile gach locht.  
*Generosity cancels out every fault.*

LS Múchan

**48** Múineann gá beart.  
*Necessity teaches action; cf. necessity is the mother of invention.*

LS Múinan gádh

*Var.* Múineann gá seift. SM §1666; cf. TT 107 §49.

Riachtanas a néann íntleacht. SeanAÍL 355 §157.

**49** Ní bhíonn an rath acht mar a mbíonn an smacht. Cf. IG 40; SM §1453; TT 113 §5.  
*There is no success except where there is discipline.*

LS bhidhan raith m-bidhan

*Var.* Buail sa tóin é agus seachain sa cheann é. Le smachtú an linbh é seo. SM §102.

Ní bhíonn an rath ach mar a mbíonn an smacht. Le smachtú an linbh é seo arís. SM §103.

**50** Ní chuireann an chinniúin a cos fúithi.  
*Misfortune does not put its foot down, i.e. is ever on the wing and never rests.*

LS chuiran chinnamhain fúithe

*Var.* Ní chuireann an chinniúint a cos fúithi. Tionóisc nó olc éigin is ea an chinniúint go minic i gCúige Mumhan. Agus bíonn sí ag síorimeacht roimpi. SM §1544.

Feic §231 thíos.

**51** Ní creidtear an fhírinne ón duine bréagach. Cf. SM §674; TT 106 §38.  
*Truth from the liar is not believed.*

LS creidthear ó an n-duine

**52** Ní hé an buanna balbh é.  
*He is not the dumb domineering kind.*

LS h-é buanadh

**53** Ní hionann crothadh claímh agus cómhrac.  
*Brandishing a sword does not mean a fight.*

LS h-ionnann cloidhaimh agus cómhbhac.

**54** Ní leighfeadh<sup>19</sup> an t-ím inaéal.

*Butter would not melt in her mouth, i.e. overly coy or insincere.*

LS léigheadh in-a

**55** Ní raibh iontu acht sagairt is bráithre is d'imigh na báirigh eatarthu.

*They were just priests and brothers and the limpets went between them, i.e. although they did little manual work to work up an appetite, and one might associate a certain asceticism with them, they ate all the limpets; one would have expected better from the group present.*

LS ionta a's d'imthig báirnaig etarra.

*Var.* Ní raibh ann ach sagairt is bráithre is d'imigh na bairnigh eatarthu. SM §1133.

**56** Ní thagann ciall gan aois.

*Sense does not come without age.*

LS thagan ciall aeís.

*Var.* Ní thigeann ciall roimh aois. MIP §92.

Ní thagann ciall roimh aois. SM §264.

Bíonn an óige ar buile. SM §267.

**57** Níl aon chiall mar an gcéill a ceannaítear.

*There is no sense like that bought, i.e. learned by experience.*

LS Ní fhuil g-céill ceannaighthea

*Var.* Feic §67, §204, §225 thíos.

**58** Níl aon leigheas ar an gcathú acht a mharú / smachtú le foighne. Cf. TT 108 §71.

*There is no cure for sorrow but to kill / control it with patience, i.e. bear and forbear.*

LS Ní fhuil aen leaghas air an g-cathughadh mharbhadh [smachtughadh superscript] foidhne.

*Var.* Níl leigheas ar chú ach é bhrú le foighne. SeanAÍL 353 §131.

Feic §5 thuas.

**59** Níor bheathaigh éinne riamh a chlann ná raibh cam is díreach.

*Nobody ever reared his family who was not crooked and straight, i.e. who did not resort to dishonesty at times.*

LS bhethaig aein-ne riemh ash nádh a's dírach.

**60** Níor cheannaigh éinne riamh an suaimhneas acht an té ná fuair é.

*Nobody has ever bought tranquility except the one who has not got it.*

LS chendaig aein-ne Suaimhneas nádh

---

<sup>19</sup> /l'aihəx/, i.e. défhoghar sa chéad shiolla i gCorca Dhuibhne; cf. Ó Sé, D., *Gaeilge Chorca Dhuibhne*, Baile Átha Cliath, 2000, 312 §564.

*Var.* Níor cheannuig éinne riamh an tsíocháin ach an té ná fuair í. MIP §140.

**61** Sáith romham is beadsa id dhéidh.

*Push before me and I will be after you, i.e. forge ahead and I will follow you.*

LS Saith beidhad-sa iodh dhéig

*Var.* Ní'l 'san tsaoghal so acht sáith(igh) rómham is leanfad tú. Dinneen s.n. *sáithim*.

Ní'l acht sár rómham 7 leanfad thu. IG 172 §8.

**62** Seachain an drochdhuine is ní baol duit an duine macánta. Cf. DCC 167 §43; SM §1658; TT 107 §47.

*Avoid the trickster and you need not fear the honest person.*

LS droch-dhuine baeghal

*Var.* Breab an rógaire 7 ní baoghal duit an duine macánta. IG 40.

Ceannuig an droch-dhuine, is ní baoghal duit an duine macánta. MIP §11.

**63** Sin gad ort, a chailligh, beir mac dom!

*There is a bind on you, old woman, bear me a son!*

LS chaillaig, dam!

**64** Socrú na caillí mar is áil léi féin.

*The old woman's arrangement as it pleases herself, i.e. she suits herself.*

LS Socrughadh caillaighe le

*Var.* 'Sé ordughadh na caillighe, mar is áil léi féin. IG 139 §86.

Roinnt na caillí mar is áil léi féin. SM §1750.

Socrughadh na caillighe mar dob' áil léi féin. Sean-Fh 15.

**65** 'Suigh síos agus imeoidh an deabhadh díot.'

*Sit down and the hurry will leave you.*

LS Suidh agas imeoigh debhadh

*Var.* Suig mara bhfuil dithineas ort. SC 510 §28.

Suidh síos go raghair i dtaitighe an tigh. TT 112 §179.

*Nóta* Is mar seo a chuir 'Hamit' (feic §46 thuas) é:

Do chuaig fear le gnó éigin go tig duine muínteara eile, agus nuair a chua sé isteach duairt fear a' tí leis suí. Do bhí dothal a' deighleáil le fear a' tí — beagán de. 'Ní shuífad,' aduairt sé, 'tá dithineas orm.' 'Suig,' aduairt fear a' tí, 'mara bhfuil dithineas ort,' aduairt sé, 'agus ar ndóin tá.' 'Dá mbeinnse aget thigse,' aduairt sé, 'do shuífínn agus ní fhanfainn go lá!' Siné, bhí sé á dhíbirt chun é chuir de, ar eagla go bhfanfadh sé agus go gcaithfeadh sé lóistín na hoíche a thúirt dò! SC 510 §28.

**66** Tabhair a rogha don mbodach agus tógfaidh sé féin díg.

*Give the churl his choice and he himself will choose the worst; cf. give a beggar a horse and he will ride to the devil.*

LS do'n m-bodach agas tógfidh

*Var.* Tabhair rogha do'n bhodach 7 tógfaidh sé díogha. Sean-Fh 16.

**67** Tar éis na mbeart a tuigtear gach gnó.  
*Every event is understood afterwards; cf. hindsight is a great thing.*

LS mbert edh tuigtar

*Var.* Tar éis gach beart a tuigtear gach tuathbheart (tuafeart). GC 94.

Tar éis a chítear gach beart. MIP §116.

T'réis gach ní a tuigtear a' tuaithbheart. SC 501 §47.

Tar éis a thuigtear gach beart. SM §1652.

Tar éis do chítear gach beart (acht dho'n thé chaitheann an bheart roimhe). Sean-Fh 16.

Feic §57 thuas, §204, §225 thíos.

**68** Tár laíonn na daoine ar a chéile is ní thár laíonn na cnoic ná na sléibhte.  
*People meet each other and the hills or mountains do not meet.*

LS Tár laigheann air ai thár laigheann

*Var.* Teangmhann na daoine ar a chéile, is ní theangmhaid na cnuic ná na sléibhte. MIP §132.

Castar na daoine ar a chéile, is ní castar na cnuic ná na sléibhte. Sean-Fh 16; cf. IG 172 §10; SC 498 §13.

Tárlann na daoine ar a chéile, acht ní thárlann na cnuic ná na sléibhte. TT 114 §17.

*Nóta* Chuir 'Hamit' (feic §46 thuas) an t-eireaball seo lena leagan féin:

Dá mbefá abhfad gan duine muínteara leat a fhiscint, nú duine gur mhuar agat é, agus go gcasfí ort é i gcionn tréimhse aimsire, siné adéarfá leis. Cé gur fada ó casamh ort é, ná castar na cnuic ná na sléite ar a chéile go deo!

Do bhí treibh ag ól i Ros Ó Cairbrithe: 'Cárthaig Cnuic' a b'ea treibh acu agus 'Cárthaig Sléite' a thugaidís ar a' dtreibh eile. Ach duairt duine go raibh seanfhocal ann go gcastar na daoine ar a chéile agus ná castar na cnuic ná na sléite — ach gur casamh an dá threibh ar a chéile ar a' dá chlár ba ghoire dá chéile, agus gur óladar sláinte a chéile: na 'Cnuic' agus na 'Sléite'! SC 498–9 §13.

**69** Téighse ag fiosrú do charad sula mbeir go mór 'na ghátar.<sup>20</sup>  
*Seek out your friend before you are badly in need of him.*

LS fiosraghadh sul am-beidhir 'n-ai ghádhatar.

**70** Tugann Dia a dhóthain d'fhear ólta an tobac.  
*God provides enough for the smoker.*

LS Tugan dhóithin do fhear

**71** Tuigim agus ní léim agus tuigean fear léinn leathfhocal.<sup>21</sup>  
*I understand and I do not read and a man of learning understands half a word.*

LS agas léighim, agas tuigenn fer-léighinn leth-fhocal.

*Var.* Tuigean fear léighinn leathfhocal. MIP §196; cf. TT 107 §48.

Ní beag nod don eolach. MIP §196.

Tuigim is ní léim (is tuigean fear léinn leathfhocal). Freagra neafaiseach é seo ar: 'An dtuigean tú?'. SM §1618.

<sup>20</sup> An nóta 'fic leathanach 618 [*recte* 617]' thíos fê seo ag treorú an léitheora go dtí an chuid dheiridh den mbailiúchán sa lámhscríbhinn.

<sup>21</sup> Feic n. 24 thíos.

*Nóta* Tá cosúlacht an tseanfhocail seo le fáil i ndánfhocal ar an bhfoghlaim atá tagtha anuas i lámhscríbhinní ón ochtú céad déag, mar atá:

Dligheann daoí tiugh teagosg,  
tearc teagosg don tsaoi threórach,  
tuigeann mac léighinn leathfhocal,  
ní beag nod don eólach.<sup>22</sup>

**72** Tuiridh croí uamhnaigh an tláith.<sup>23</sup>

*A miserable wretch's heart dries out, i.e. saps or diminishes, the soft (or weak or powerless) one.*

LS croidhe uamnaig andlá.

### CAINT AGUS TOST<sup>24</sup>

**73** An té a bhíos siúlach bíonn sé scéalach. Cf. PÓC 208.

*The one who travels has a wealth of stories.*

LS bhidheas siúbhalach bidhan sgélach.

*Var.* An té a fhaigheann sáith saoil faigheann sé sáith scéil. SM §1650.

An té bhíonn bothánach bíonn sé sgéalthach Sean-Fh 3

*Nóta* Chuir an file Pádraig Ó Cruaiaí ('Gaedheal na nGaedheal', c.1861–1949) ó Bhaile Bhuirne eireaball leis an leagan a bhí aige siúd, mar atá:

*An té bhíonn siúlthach bíonn sé scéalthach — agus an té bhíonn scéalthach bíonn sé bréagach!* Is fíor é sin, mar an té bhíonn scéalthach bailíonn sé gach aon draibhlis scéil. PÓC 208.

**74** Cogar i gcluais agus chualaidh an tigh é.

*A whisper in an ear and the [whole] house heard it.*

LS g-cluais agus chualaidh tigh

**75** Finné an ghiolla bhréagaigh a bhean. Cf. SeanAÍL 347 §72.

*The deceitful fellow's witness is his wife.*

LS Finéidhe bhréagaig

*Var.* Finné ghiolla an éithigh a bhean. SM §661.

**76** Glór mór i gceann bheag. Cf. SM §578.

*A lot of noise in a small head, i.e. childish talk, prattle.*

<sup>22</sup> O'Rahilly, T.F., *Dánfhocail: Irish Epigrams in Verse*, Dublin, 1921, 13 §65.

<sup>23</sup> Leasú ar *andlá* na lámhscríbhinní = *an tlá > an tláith* ? Cf. *and shúil > an tsúil* in §92 agus *andh egla > an t-eagla* in §220. Ar a shon san, is nós le Pádraig Feiritéar *nd* in áit *nn* a scríobh go minic; cf. n. 5 thuas, mar shampla, agus na solaoídí eile i léamh na lámhscríbhinní in §2, §60, §137, §187, §195 chomh maith le *indá*, *iondá* = *ionná > ioná (passim)*. Seans gur *annlá*, '(a) horrible day', atá i gceist, mar sin, agus cé nár aimsios an focal féin, shamhlófaí a leithéid a bheith go hanalógach ann bunaithe, cuirim i gcás, ar *annspriid*, *annleisciúil*, *annrianta* agus *annspianta*. Sa chás san, aistriúchán dá shórt seo a bheadh i gceist: *a miserable wretch's heart dries out a horrible day* ?

<sup>24</sup> Dob fhéidir §71, §139 agus §203 a lua sa chatagóir seo chomh maith.

LS muar g-ceann bheg.

*Var.* Bíonn ceann caol ar an óige. IG 105 §37.

**77** Is duine tú tar éis do bhuailte acht ní duine tú tar éis do cháinte.

*You are a person when beaten but not when reviled.*

LS tu tu

**78** Is leithide an bualtach satailt ann.

*Trampling on cowpat only spreads it the more; cf. making matters worse.*

LS satailt

*Var.* Is leithide an bualtach satail ann. MIP §42

Is leithide bualtach satailt air. Méadú ar olc scéil a bheadh á cháiseamh nó tagairt dó. SM §2031.

**79** Más suarach é an teachtaire is suarach é an freagra.

*If the messenger is mean spirited so too is the answer, i.e. mean messenger mean answer.*

LS Má is teachdaire freagradh.

**80** Moladh gach éinne an t-ádh mar ' gheobhaidh agus molaimse féin Uilliam mhic Gearóid. Nára maith thall acu a fheabhas atá abhus againn! (é an freagra)

*Let everyone praise good fortune as he gets it and I myself commend Uilliam son of Gearóid. May they not have it as good beyond as well as we have it here! (the answer).*

LS aen-ne gheobhaidh agus molim-si Gearróid. Ná ro agtha againn! freagradh.

**81** Moladh na máthar cáineadh na hiníne.

*The mother's praise is the daughter's condemnation, i.e. if a mother praises her daughter steer clear of her [daughter].*

LS h-inghine.

*Var.* Moladh na máthar cáineadh na hiníne. Má mholann an mháthair í fan uaithi. SM §87.

**82** Ní bhriseann dea-ghlór fiacal.

*A kind word breaks no tooth, i.e. a kind word is easily given.*

LS deagh-ghlór

*Var.* Níor bhris deaghfhocal béal éinne riamh. MIP §85.

Níor bhris focal maith fiacal riamh. SM §627.

Ní bhriseann focal maith fiacail. TT 107 §46.

**83** Ní cathair mar a tuairisc Londain.

*London does not live up to its reputation.*

LS tuairisg

*Var.* Ní cathair mar a thuairisc é. Déarfaí é seo le rudaí seachas cathair. SM §587.

Ní cathair mar a tuairisc í. Áit nó gnó nach bhfuil chomh maith is a deirtear. SM §1600.

Ní'l an chathair mar a tuairisg. Sean-Fh 14.

**84** Ní fhaigheann sagart balbh beatha.<sup>25</sup> Cf. TT 107 §62.  
*A dumb priest gets no livelihood.*

LS fháighbheann

*Var.* Ní gnáth fear náireach éadálach. §MIP 109.

Sagart balbh agus sagart dealbh. SM §1130.

Ní bhíonn beatha ag sagart balbh. SM §1131.

Feic §21 thuas.

**85** Ní bhfaigheann síoriarraidh acht amháin síoreiteach.  
*Constant begging only meets with constant refusal.*

LS bh-fáighann síor-iarradh síor-oitach.

*Var.* Ní bhfaghann sír-iarraidh acht sír-eiteach. MIP §123

Ní bhfuigheann sír-iarraidh aht sír-eiteach. Sean-Fh 12.

Ní fhaghann an síor-iarraidhe acht an síor-eiteach. TT 111 §145.

**86** Ní fearr scéalaí maith i dtigh ná drochscéalaí mar leanann scéal scéal eile.  
*A good storyteller in a house is no better than a bad storyteller because a story leads to another.*

LS fearr sgéluídhe d-tig drochsgéluídhe lenan sgél sgél èè.

*Var.* Ní fearr scéalaí maith i dtigh ná drochscéalaí. Le searbhas a déarfadh scéalaí é sin nuair nach mbeifí ag tabhairt aon chluas dó féin. SM §604.

**87** Níor chuala riamh a mhalairt de phort agat.  
*I never heard you having a different tune, i.e. always harping on the same string.*

**88** Scéal ' chloiseas tuath agus ' cheileas muintir.  
*News (or a story) which a people hear and a family conceals (or denies).*

LS Sgél chloisais tuaith agus cheilas muinntir.

**89** Scéal gan dath gan dealramh.  
*A story without the least appearance of probability, i.e. an unlikely story.*

LS Sgéal daith deárthamh.

**90** Téann (nó ní stadann) an magadh go leaba an dáiríribh.  
*Joking goes as far as (or does not stop until) the bed of seriousness, i.e. what begins as a joke becomes serious.*

LS Téidhan stadan) dá ríribh.

*Var.* Bíonn deireadh caol ar an magadh. GC 97.

Tagann an magadh go dtí (nó i) leaba an dáiríribh. SM §642.

## AN CORP

---

<sup>25</sup> Feic n. 37 thíos.



**91** Aimsíonn an dall a bhéal. Cf. SM §211.  
*The blind person finds his mouth, i.e. people can fend for themselves.*

LS Aimsigheann  
*Var.* Is léir don dall a bhéal. SM §212.

**92** An rud nach bhfeiceann an tsúil ní ghortaíonn sé an croí.  
*What the eye does not see does not harm the heart, i.e. out of sight, out of mind.*

LS rod nách bh-fican and shúil goirtaighan se croidhe.  
*Var.* Ceileann súil an ní ná faiceann. MIP §76.  
An rud ná cloiseann an chluas ní chuireann sé buairt ar an gcró. SM §223.  
An rud ná cloisfidh an chluas ní chuirfidh sé buadhairt ar an gcroidhe. Sean-Fh 2.

**93** An uair bhíonn an bolg lán bíonn na cnámha ag iarraidh suaimhnis.  
*When the belly is full the bones require rest.*

LS bhídhann bidhann iarradh suaimhnais.  
*Var.* Nuair a bhíonn an bolg lán is mian leis an gcnámh síneadh, (nó bíonn na cnámha d'iarraidh suaimhnis). SM §139.

**94** Dá fheabhas é suí do thug síneadh an barr leis.  
*However good sitting is, lying down surpasses it.*

LS fheabhas suighadh sinadh bárr  
*Var.* Is breá an rud suí ach bhain síneadh an barra de. SM §236.

**95** Galar gan náire an tart agus do bhuaigh an tochas air.  
*Thirst is a shameless sickness and an itch is worse.*

LS agus bhuaidh tochas  
*Var.* Galar gan náire grá nó tart ach bhuaigh an tochas orthu. SM §155.  
Galar gan náire grá nó tart. SM §294.

**96** Is deartháir don mbás an codladh. Cf. MIP §169; Sean-Fh 5.  
*Sleep is a brother to death, i.e. sleep resembles death.*

LS drichsháir do an m-bás

**97** Is é is lú is gann d'fhear na foghla cluas bhodhar do bheith aige.  
*The very least the thief can do is turn a deaf ear, i.e. not return what has been stolen.*

LS lugha d'fher du  
*Var.* Bíonn cluas bhodhar ar fhear na foghla. Bodhaire Uí Laoire, gan dabht, agus ní fhanfaidh leis an té a bhíonn ag glaoch ina dhiaidh ag lorg a choda féin thar n-ais air. SM §224.

**98** Is fearr éirí ioná dhá leagadh.  
*Better rise than fall twice.*

LS éirighadh indá legadh.  
*Var.* Is fearr an té a éiríós ná an té a thiteas. SM §1556.

**99** Is fearr an tsláinte ioná na táinte cnoc.

*Health is better than the mountains' herds; cf. better health than wealth.*

LS andsh shláinte indá

*Var.* Is fearr an t-shláinte ná na táinte (ar chnuic). DCC 163 §6.

Is fearr an tsláinte ná na táinte (ar cnoc). SM §134.

**100** Is géire spoir ioná bacaí.

*Spurs are sharper than lameness, i.e. once spurs are used lameness is forgotten.*

LS spuir indá bacaighe

*Var.* Is géire spoir ná bacaí. Nuair a chuirtear na spoir i bhfeidhm ar an gcapall is neamhshuim leis an bhacaí. SM §2058; cf. SM §240.

**101** Má táimse buí tá croí geal agam. Cf. TT 107 §59.

*If I am sallow I have a bright heart, i.e. beauty is only skin deep.*

LS buidhe croidhe

*Var.* Má táimse buí tá croí geal agam. Agus, mar eireaball leis:

Más peaca a bheith buí tá na mílte damanta. SM §256–7.

Feic §102 thíos.

**102** Más peaca bheith buí tá daoine damanta. Cf. TT 109 §102.

*If it is a sin to be sallow, people are damned, i.e. beauty is only skin deep.*

LS Má is buidhe

*Var.* Más peaca bheith buí tá na mílte damanta. SM §257.

Feic §101 thuas.

**103** Ní deir galar fada bréag.

*A lingering sickness does not belie itself, i.e. it ends in death.*

LS brég.

*Var.* Ní abair galar fada bréag. MIP §175.

Galar fada ní abrann síorruidhe bréag. MIP §175.

Ní abrann galar fada bréag. Mar béarfa sé leis a' duine, dá fhaid a sheasaíonn sé. SC 500 §35.

Galar fada ní abrann (choíche) bréag nó Ní abrann galar fada bréag. SM §131.

**104** Ní hí an ghaoth a bheathaíonn é.

*It is not the wind that nourishes him (or it), i.e. he (or it) does not live on air.*

LS shí ghaeth bheathaighan

**105** Ní martraithe go daille.

*There is no crippling like that of blindness, i.e. blindness is the greatest disability.*

LS martraiche

*Var.* Ní martraithe go daille (ach is measa a bheith ar buile). SM §209.

*Nóta* Tá a mhacalla seo ó chéadlíne an rainn thíos ó dhéantús filíochta dar tús ‘Ní glóire go gréin acht neamh’ (*There is no glory to the sun but heaven*) i lámhscríbhinní de chuid an ochtú agus an naoú céad déag:

Ní haon-mhartra go beith dall,  
ní haithntear neach go hanbhfann,  
ní tréan go tuitim tuile,  
ní léan go díth tighearna.<sup>26</sup>

**106** Níor dhíobháil duit do bheith caoch munar dhíobháil duit é.

*It would be no harm for you to be blind (or dim) if it would not be bad for you.*

LS *dhíoghbháil* du *dhíoghbháil*

**107** Peictiúir an chéalacain a éalaigh ó Ifearn.

*The picture of starvation that escaped Hell, i.e. said of a miserable, wretched person.*

LS *Peictiúir chédhlacain élaig Ifernn.*

*Var.* Pictiúir an chéalacain a d’éalaigh as Ifreann. Le duine lom caite léirithe a déarfaí é. SM §173.

Pictiúir a chéalacain a d’éalaigh as Ifreann. Duine a mbeadh cuma na hainnise agus na scríbe air. SM §1515.

## GRÁ AGUS PÓSADH

**108** A bhuachaill, beir buartha go bpósfair is an uair sin beir buartha do dhóthain! Cf. IG 61 §9.

*Young man you will be worried till you marry and then you will be worried enough!*

LS *bhuachail beidhir buadhartha bpósfir beidhir buadhartha dhóithin.*

*Var.* Beidhir buadhartha go bpósfair, 7 an uair sin ní bheidh suaimhneas go deo’ agat. IG 90 §39.

A bhuachaill, beir buartha chun go bpósaí, agus ansan ní bheig suaineas go deo agat! SC 498 §1.

A bhuachaill, beir buartha go bpósfair is an uair sin beir buartha do dhóthain nó Is an uair sin ní suaimhneas go deo dhuit. SM §355.

Pósadh indiumh is píocal i mbáireach. TT 109 §116.

A bhuachuail, beir buadhartha go bpósaí, ’s ón uair sin beir buadhartha do dhóthain. TT 115 §36.

**109** Faigheann seanbhróg seanstoca.

*An old shoe gets an old sock.*

LS *Faghainn sean-bhróg sean-stoca*

*Var.* Níl aon tseanstoca ná faigheann seanbhróg. SM §324.

**110** ‘In ainm Dé an pósadh!’ arsa Síle le Seoirse.

*‘For God’s sake marriage!’ said Síle to Seoirse.*

LS *ainim diei air-sa Sighile*

---

<sup>26</sup> O’Rahilly, *op. cit.*, 54–5 (ag 54).

*Var.* Má phósann tú in aon chor pós anuraidh nó Má dheineann tú in aon chor dein ó anuraidh é. An pósadh. É a dhéanamh láithreach agus a chúram a chur díot. SM §337–8; cf. TT 111 §160.

**111** Is fearr beagán den ghaol ioná mórán den chleamhnas.  
*Better a little relationship than much marriage; cf. blood is thicker than water.*

LS de'n de'n  
*Var.* Ferr beagán don ghaol ná mórán don aitheantas. MIP §118.

**112** Is iad na fir mhaithe a ghlacann na mná gan spré.  
*Good men accept women without a dowry.*

LS mhatha  
*Var.* Ní hiad na fir mhaithe a bhaineann an fómhar go léir, ach is iad na fir mhaithe a ghlacann (nó a phósann) na mná gan spré. SM §340; cf. SM §18.  
Feic §153 thíos.

**113** Mo ghrá tú, a rud agat! Cf. MIP §81.  
*I love you, what you have!*

LS ghrádh tu red  
*Var.* Mo ghrá thú — agus rud agat. SM §310.  
Mo ghrádh thú an rud agat. Sean-Fh 11.  
Feic §161 thíos.

**114** Ní i gcónaí bhíonn Domhnall Buí á phósadh ná cóir aige chuige. Cf. GC 95.  
*Domhnall Buí does not always marry nor does he have the wherewithal to do so, i.e. savour the present moment.*

LS h-i gcómhnuidhe bhídhann Buidhe ághash  
*Var.* Ní i gcomhnuidhe mharbhann daidín fia. MIP §152.  
Ní i gcónaí a bhíonn Dónall Buí á phósadh ná cóir aige chuige. De threibh na gCárthach in Uíbh Ráthach ab ea an Dónall Buí seo. Deirtear go raibh sé dhá bhliain déag is céad nuair a cailleadh é. Bhí sé pósta cúig uaire, agus é a ceathair is cheithre fichid nuair a phós sé an duine deireanach acu. Bhí ceathrar clainne aige léi seo sula bhfuair sé bás sa bhliain 1751. Fear ocrach a bhí ag ithe le hairc ar a bhainis a dúirt an chaint thuas. SM §361.  
Ní i gcomhnuidhe bhíonn Domhnall Buidhe dhá phósadh (ná cóir aige air). TT 108 §70; cf. IG 39.  
Feic §230 thíos.

## AN BAILE<sup>27</sup>

**115** Bíonn béal mór ar bhothán bocht féin.<sup>28</sup>  
*Even a poor hut has a large entrance.*

LS Bidhan béal air bhuthán  
*Var.* Bíonn béal mór ar bhothán bocht. SM §1434.

<sup>27</sup> D'oirfeadh §165 sa chatagóir seo chomh maith.

<sup>28</sup> Feic n. 37 thíos.

**116** Is minic a chuireann bean na luaithe amach bean na cruaike.

*The woman of ashes often puts out the woman of the stack of turf, i.e. fresh turf laid on too many ashes may cause it to fall out.*

LS eadh chuiran i-mach

*Var.* Is minic a chuir fear na luatha fear na cruaike amach. An fód móna a thioctadh isteach as a' gcruaich: do chuirfí sa tine fód nú dhó, agus do bheadh an iomad luatha sa tinteán agus do leag[f]adh an luath an fód amach fén dtinteán. SC 500 §31.

Chuir fear na luatha fear na cruaike amach. On tine! SM §1842.

**117** Is olc an ball is fearr ioná an baile is is fearr an baile ioná an ball so.

*The best place is worse than home and home is better than this place; cf. home sweet home.*

LS as fearr indá indá

**118** Ní haon ghnó amháin a chothaíonn tigh.<sup>29</sup> Cf. SM §1317.

*A single occupation does not keep up (or feed) a house.*

LS h-aen chothaighann tig.

## BIA AGUS DEOCH

**119** Ba bheag orm bláthach an uair bheadh mo bholg lán di.

*I would not like buttermilk when my belly would be full of it.*

LS Badh bheidheadh

**120** Chuir sé ó bhia is ó theine é.

*It drove him away from food and fire.*

LS bhiadh theinne

**121** Clann na beirte dearthár an boighreán is an leite.

*Flummery and porridge are one and the same.*

LS dearbhráthar buidhrán

*Var.* Clann na beirte dearthár an leite agus an sríobán. Sríobán: praiseach mine coirce agus bainne. SM §468.

Clann na beirt' dearbhráthar, an leite 7 an sríobán (sríobún). Sean-Fh 5.

**122** Éinne amháin iarras agus dhá fhear dhéag ólas.

*One orders and twelve men drink.*

LS Aein-ne agus

*Var.* Aoinne amháin a iarrann agus dháréag a ólann. SM §527.

**123** Fuarann praiseach is teo ioná í.

---

<sup>29</sup> Feic n. 31 thíos.

*Hotter porridge than it cools down, i.e. matters worse than this can improve; cf. worse things happen at sea.*

LS praisach indá

**124** Gan bia gan éadach.  
*Without food without clothing.*

LS biadh

**125** Idir an fheoil is an croiceann.  
*Both meat and skin, i.e. skin and all; cf. lock, stock and barrel.*

LS Ideir

*Var.* Idir choirt is chraiceann. Dinneen, Ó Dónaill, s.n. *coirt*.

**126** Is é capall na hoibre an bia.<sup>30</sup>  
*Food is the workhorse, i.e. no work without food.*

LS capal h-oibre biadh

*Var.* Capall na hoibre an bia. SM §375; cf. DCC 167 §53.

**127** Is maith an t-anlann an t-ocras. Cf. SM §407.  
*Hunger is a good sauce.*

LS t-annlan

*Var.* Maith an mustárd an sliabh. MIP §94.

Is maith an vinéigre an sliabh. MIP §94.

Is maith an mustard an sliabh. Géarái goile ag baint leis. SM §408.

**128** Is milis á ól é agus is searbh dá dhíol é. Cf. IG 126 §63; TT 106 §29.  
*It is sweet drinking it and bitter paying for it.*

LS aga agas

*Var.* Is milis fion, is searbh a íoc. SM §524.

Is milis á ól é ach is searbh á dhíol é (nó á íoc as). SM §525; cf. Sean-Fh 10.

**129** Is olc an goile ná téann a chuid.  
*It is a poor stomach into which food does not go.*

LS 'ná téidheann ai chuid tús ai [*ar an imeall clé*]

**130** Muna mbeir i mbaile an bhídh bí san mbaile lena thaoibh.  
*If you are not in the home of food be in the home next to it, i.e. have food nearby.*

LS m-beidhir m-baile bhídhe bídh m-baile le n-ai

*Var.* Muna mbeir i mbaile an bhídh bí sa bhaile lena thaoibh. SM §386.

Mara mbír i dtigh an bhídh bí ins an tigh lena thaoibh. TT 113 §14.

**131** Ní mhothaíonn an sáthach sámh an tráthach ocrach.

---

<sup>30</sup> Feic n. 47 thíos.

*The serene well-fed one does not feel for the hungry fasting one.*

LS mhothaigheann sáithach

*Var.* Ní thuigeann an sáthach an seang, nuair bhíonn a bholg féin teann. MIP §130.

Níor thuig an sáthach sámh an t-ocrach riamh. MIP §130.

Níor mhothuigh an sáthach sámh an t-ocrach riamh. TT 112 §183.

## OB AIR AGUS GNÓ<sup>31</sup>

**132** Ag tarrang uisce chum a mhuilinn féin.

*Drawing water to his own mill, i.e. taking unfair advantage of a person or situation.*

LS tarang uisce mhuilinn

**133** Allas a mhaoile féin a loisceas gach n-aon.<sup>32</sup>

*The sweat of one's own bare head is what scalds everyone, i.e. everyone feels his own pain most.*

LS Alas mhaeile loisgeas n-aen.

*Var.* Allas a mhaoile féin do loisgeann gach éinne. MIP §47; cf. Sean-Fh 2.

Allas a mhaoil féin a ghriogas gach n-aon. SM §1218.

Feic §1, §42 thuas.

**134** Bailíonn brobh beart. Cf. SM §1149; TT 110 §137.

*Handfuls of rushes make up a load, i.e. a little gathers a lot; cf. many a little makes a mickle.*

LS Bailaighan

*Var.* Cnuasuigheann truipeall beart. MIP §223; cf. IG 184 §17.

Triopall do chnuasuigheann beart. MIP §223.

Feic §146 thíos.

**135** Beiribh birín dom agus beireoidh mé bairín duit.

*Cook a little spit for me and I will cook you a loaf; cf. scratch my back and I will scratch yours.*

LS Beiraibh dam agus beireoibhidh

*Var.* Beirbh birín dam is beireód birín duit. MIP §137.

**136** Coigeál i láimh na hóinsí.

*A distaff in the hand of a foolish woman, i.e. it is not in expert hands.*

LS h-óinsíge.

*Var.* Coigeal i láimh óinsíge. MIP §397.

Ní ag cur coigille i láimh óinsí é. Tá sé ar láimh shás a dhéanta go maith. SM §1199.

Feic §152 thíos.

---

<sup>31</sup> D'oirfeadh §118, §180 agus §201 sa chatagóir seo chomh maith.

<sup>32</sup> Foilsíodh an seanfhocal áirithe seo in *An Gaodhal* (Lúnasa 1899), díreach i ndiaidh na coda déanaí de *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* a chuir an iris seo amach idir Meitheamh agus Lúnasa, 1899 (n. 4 thuas). Seo mar atá an t-aistriúchán Béarla a ghabhann leis: *(It is the) sweat of his own head that sears each person.*

**137** Cuir insa chómhra é agus geobhaidh tú gnó do.  
*Put it in the press and you will find a job (or use) for it.*

LS iundsha chóthra agus geoibhidh gnódh doish.  
*Var.* Cuir 'on chófra é is gheobhair gnó dhe. SM §1348.  
Cuir sa chófra é is gheobha tú gnó dhe. TT 114 §24.

**138** Cuireann Dia an rath ar an sruimleáil agus bíonn clann ag an amadán.  
*God rewards slapdash work and the fool has children, i.e. things turn out lucky.*

LS Cuirann Die raith air sruimiláil agus bidhann

**139** Dá ndéanfainn-se poll do chuirfeá-sa táirne ann.<sup>33</sup>  
*If I made a hole you would put a nail in it, i.e. you would have an answer for everything.*

LS n-déanfainn-se

**140** 'Fill orm,' a deir drochghnó.  
*'Return,' says a bad job.*

LS adeir droch-ghnó.  
*Var.* Fill orm – a deir an drochghnó (agus dein arís mé). SM §987.

**141** Is é an cnósach trá á bhreith go hInse<sup>34</sup> é.  
*It is bringing beach combings to Inch, i.e. carrying coals to Newcastle.*

LS é [sin cealaithe] trágha ag a h-Innse  
*Var.* Cnuasach trá á thabhairt go hInse. Pé ceal eile a bhí in Inse orthu níorbh é a cheal seo a bhí orthu. 'Bringing coals to Newcastle,' mar a chéile. Ar chósta theas Chorca Dhuibhne atá Inse. SM §1077.  
Tabhairt ruacain (go) dtí inse. TT 109 §119(a).  
Cnuasach trágha ag dul go dtí inse. TT 109 §119(b).  
Feic §142 thíos.

**142** Is é díol na meala agus ceannach an mhílseáin é.  
*It is selling honey and buying the sweet, i.e. carrying coals to Newcastle.*

LS Is sé agus  
*Var.* Ag díol meala 7 ag ceannach míleán. Sean-Fh 2; cf. SeanAÍL 340 §3.  
Feic §141 thuas.

*Nóta* Bhí an méid seo le rá ag Amhlaoibh Ó Luínse ina thaoibh:

An Gárlach Coileánach aduairt é sin. Bhí an mháthair imithe a' díol mheala agus a' ceannach mhíleán, duairt sé le duine éigint a fhiafraig de cá raibh sí — agus salann a b'ea an 'míleán' so. Cheap an Gárlach gur b'é an salann míleacht gach ní — agus b'é, leis. SeanAÍL 340 §3.

<sup>33</sup> Feic n. 24 thuas.

<sup>34</sup> I bparóiste Bhaile an Bhóthair, Corca Dhuibhne.



**143** Is é an tabharthas mór é is é do theacht ina mharbhlao.<sup>35</sup>

*It is the great gift while arriving as a stillborn calf, i.e. much ado about nothing.*

LS Is sé muar thecht i n-ash marbh-laegh.

*Var.* Tórmach trom is gan ann ach marbhlao. Fuadar ard is gan faic a theacht as. SM §1265.

Tórmach trom is gan ann ach marbhlao. ‘The mountain laboured and brought forth a mouse’. SM §2034.

**144** Is géire an tarna cuardach ioná an chéad chuardach

*The second search is more thorough than the first.*

LS indá chéd

**145** Is maith iad na fir go haimsir ite a gcuid.

*Men are good until the time of eating their portion, i.e. men’s work on a full stomach is not as effective.*

LS h-aimsir ithte g-cuid.

*Var.* Is maith iad na fir go ham caite cuid. Am bia. Ní mholtar a gcuid saothair os cionn a gcoda. SM §1168.

**146** Is mór iad na beaga i bhfochair a chéile.

*Together the small are large, i.e. many small amounts accumulate to make a large amount; cf. many a little makes a mickle.*

LS bh-fochair

*Var.* Is mór na big a gceann a chéile. MIP §223.

Is mór iad na beaganna i dteannta a chéile. SM §1210.

Feic §134 thuas.

**147** Leig liom agus leigfidh mé leat.

*Leave me and I will leave you, i.e. let me have my own way and I will let you have yours.*

LS lium agus

**148** Ní den abhras an chéad shnáth.

*The first thread is not of yarn (as the first thread is regarded as waste), i.e. it is always better to review a matter; cf. spoil before you spin.*

LS de an chéd shnáich

*Var.* Ní den abhras an chéad shnáth (ach cuirid drochmhna an bhaile chucu é). Ní bhíonn an t-éadach mar a bhíonn an chéad shnáth a fítear sa seol. Is minic nach mbíonn scéal mar a instear ar dtúis é agus gurbh fhearr é a bhreithniú thar n-ais. SM §1203.

Ní don abhras an chéad tsnáth. TT 112 §187.

**149** Ní fearr luas ioná moill agus do rug an mhoill an barr léi.

*Haste is not better than delaying and delaying surpassed all, i.e. the more haste the less speed.*

---

<sup>35</sup> Feic n. 47 thíos.

LS indá maill agus mhaill

*Var.* Meud an luais laighead an chnuais. IG 104 §15.

Mar a dúirt an gabhar bacach — ní fheadar cé acu is fearr luas ná moilleas. SM §998.

Is minic a bheir an mhoill an barr leis. SM §1245.

**150** Ní ghaibheann cor cuid a chéile (uim iascach an rá so).

*A net does not get its companion's amount (this saying concerns fishing).*

LS ghaibhann (aimb iasgach an rádh so).

**151** Ní hé lá na gaoithe lá na scolb. Cf. DCC 165 §37; DCC 231 §5; SM §1249; TT 110 §139.

*The windy day is not the day for thatching, i.e. take time by the forelock.*

LS shé gaithe sgolb.

**152** Ní hí an choigeál i láimh na hóinsí í.

*It is not the distaff in the hand of a foolish woman, i.e. it could not be in more expert hands.*

LS h-í choigál h-óinsaighe

*Var.* Ní ag cur coigille i láimh óinsí é. Tá sé ar láimh shás a dhéanta go maith. SM §1199.

Feic §136 thuas.

**153** Ní hiad na fir mhaithe a bhaineann an mhóin go léir.

*It is not the good men who harvest all the turf.*

LS shied mhatha bhuinann gu

*Var.* Is iad na fir mhaithe a bhaineann an fómhar go léir, ach is iad na fir mhaithe a ghlacann (nó a phósann) na mná gan spré. SM §340; cf. SM §18.

Feic §112 thuas.

**154** Ní mheileann leathbhró ina haonar.

*Half a quern does not grind by itself, i.e. a faulty instrument (or appliance) is useless.*

LS mheillan leath-bhró in a h-aenar.

*Var.* Is olc a mheileann leathbhró. Gan an leathbhró eile anuas uirthi. Déarfaí le haon drochfhearas é seo. SM §1214.

**155** Níor chuaigh an tuathal amú ar éinne ariamh. Cf. SM §1306; TT 110 §126.

*The blunder never went astray on anyone, i.e. everyone makes mistakes; cf. to err is human.*

LS chuaidh tuathall a-mugha air aein-ne a-riamh.

**156** Táilliúir a dhéanfadh é agus táilliúir ná déanfadh é agus táilliúir a chóireodh an leaba dá mhnaoi.

*A tailor would do it and a tailor would not do it and a tailor would dress the bed for his wife, i.e. tackle a job not everyone would tackle.*

LS “Táiliuir a dhénfadh é agus táiliuir nádh dénfadh é

Agas táiliuir a chóireoghadh an leabadh dá mhnaoi.”

*Var.* Táilliúir a dhéanfadh é, is táilliúir ná déanfadh é. SM §1171.

Táilliúir a dhéanfadh – briste do mhná. Le gnó nach é gach aon duine a bheadh toilteanach tabhairt faoi. SM §1172.

**157** Táilliúir Bhaile an Fhaoitigh.<sup>36</sup> gach a bhfuann sé isló, scaoileann sé istoíche.

*The tailor of Ballineetig: all he sews by day, he undoes by night.*

LS Táiliúir Bhaile-an-Fhaoitaig. bh-fuaighann i's'ló sgaoilann i'sd'oidhche.

## SAIBHREAS AGUS DAIBHREAS<sup>37</sup>

**158** Airgead a dhéanas airgead.

*Money makes money.*

LS dhéineas

**159** An lá a raghaidh tú in urrús díol na fiacha.

*The day you go security [for someone] pay the debts.*

LS edh raighidh tu urradhas

**160** Bíonn airgead fán luachair, ór fán aiteann is an ghorta fán bhfraoch.

*Silver under rushes, gold under furze and famine under heather.*

LS Bidhan airgad fa an fa an aitan fa an bh-fraech.

**161** Dia dhuit, a rud agat!

*God save you, what you have!*

LS read

*Var.* Fáilte romhat is rud agat. Mura mbeadh go bhfuil b'fhada ó fháilte é! SM §1380.

Feic §113 thuas.

**162** D'imigh an déirc is fuair an charthanacht bás is ní bhíonn gaol ag aon neach le duine gan áird.

*Poverty subsided and charity died and nobody is related to a useless person.*

LS Do imthigh A's bhidhan gael

**163** D'ólfadh fear fiche bó deoch.

*A man with twenty cows would have a drink, i.e. a well-healed man can afford to drink.*

LS Do ólfadh fithche

**164** Grása Dé chugainn is pingíní ar gaid.

*May we have the grace of God and pennies on strings, i.e. a guaranteed income.*

<sup>36</sup> Baile fearainn soir ón Daingean i gCorca Dhuibhne.

<sup>37</sup> D'oirfeadh §6, §21, §84, §115 agus §208 sa chatagóir seo chomh maith.

LS déi chuginn pinginídhe air  
*Var.* Grása Dé chughainn, 7 bás i nÉirinn. IG 78 §15.

**165** Is as na tithibh beaga a téitear insna tithibh móra.<sup>38</sup>  
*One moves from small houses into large houses.*

LS tighthibh bega edh téighthear in sna tighthibh  
*Var.* Ós na tithe beaga téitear sna tithe móra. SM §1374.

**166** Is fearr beagán ag duine féin ioná mórán ag duine eile.  
*Better for a person to have even a little than that another has a great deal.*

LS iondá

**167** Is fearr suí in aice ná suí in ionad. Cf. MIP §206.  
*Better sit beside than instead, i.e. better save it than spend it.*

LS fearr suídhadh i n-aice suídhadh i n-inad  
*Var.* Is fearr suidhe i n-aice na cruaithe ná i na h-áite. DCC 289 §12.  
Is fearr suidhe 'na bhun ná suidhe 'na áit. MIP §206.  
Is fearr suidhe 'n-a aice 'ná suidhe 'na ionad (nó, 'na háit). Sean-Fh 9.

**168** Is le fear na pingine i gcónaí an builín.  
*The man with money always owns the loaf.*

LS fer gcómhnaíghadh

**169** Is mairg a bhíos go holc agus a bheas go bocht ina dhéidh sin.  
*Pity the one who is bad and who will be poor thereafter.*

LS bhídh as h-olc agus bheidhas i n-a dhéig  
*Var.* Mairg bhíonn go holc is bheadh bocht 'na dhiaig. MIP §171  
Is mairg bhíonn go holc, 7 bheith go bocht 'n-a dhiaidh. Sean-Fh 10.

*Nóta* Tá cosúlacht idir é seo agus dara leathrann an dánfhocail seo a leanas atá tagtha anuas i lámhscríbhinní ón ochtú agus ón naoú céad déag:

Muna bhfuil mo chreideamh go cóir,  
ar thaobh an óir ní mé is lia:  
is duine dona mar táim,  
gan an saoghal im láimh ná Dia.<sup>39</sup>

**170** Is minic a thárlaigh fear croí mhóir i mbaile mór gan airgead.  
*A bighearted man often happened to be in a town without money.*

LS edh thárlaig fer croidhe mhúair m-baile muar airgead.  
*Var.* Is mór an trua fear croí mhóir i mbaile mór gan airgead. SM §1364.

**171** Mar a chéile é dhá réal scilling.

---

<sup>38</sup> Feic n. 27 thuas.

<sup>39</sup> O'Rahilly, *op. cit.*, 42 §203.

*A shilling is the same as two sixpenny bits, i.e. it is six of one, half a dozen of the other.*

LS réal sgillín

*Var.* Mar a chéile é, dhá réal is ea scilling. SM §1731.

**172** Ní dhíolann dearmad fiacha. Cf. MIP §168; Sean-Fh 13.

*Forgetfulness does not pay debts; cf. sorrow will pay no debt.*

LS dhíolan

**173** Ní dhíolann únsa den gcathú púnt desna fiachaibh.

*An ounce of regret does not pay a pound of the debts.*

LS dhíolan de an gcathúghadh de s-na fiachibh.

**174** Ní náire do dhuine do bheith bocht acht is olc do do bheith sprionlaithe.<sup>40</sup>

*To be poor is no shame but to be mean is bad for a person.*

LS doish du spriúnlaighthe

**175** Súil le breis a chailleann an cearrbhach.<sup>41</sup>

*Expectation of more is the gambler's undoing.*

LS chaillann cethramhach

*Var.* Súil le cúiteamh do lomann an cearrbhach. MIP §56; cf. Sean-Fh 2.

Súil le breith a chailleann an cearrbhach. MIP §56.

## TALAMH AGUS CURADÓIREACHT<sup>42</sup>

**176** An luibh ná fachtar is í a fhóireann.

*The herb not got is the one that cures.*

LS is sí eadh fhóiran.

*Var.* An luibh ná fachtar fhóireann, adeir siad. MIP §162.

An luibh ná faightear is í a fhóireann. Ceapann daoine dá bhfaighidís an rud nach bhfuil fáil acu air go mbeadh gach scéal go maith. SM §147.

An luibh ná fachtar fóireann. Sean-Fh 2.

**177** An uair ' thagann an bualadh tagann an tEarrach.

*When threshing comes Spring comes, i.e. they coincide.*

LS thagan tagan t-Earrach.

**178** Inse na sliogán is Clochán<sup>43</sup> na ruacan.

---

<sup>40</sup> Feic n. 11 thuas.

<sup>41</sup> Feic n. 11 thuas.

<sup>42</sup> Dob fhéidir §279 a lua sa chatagóir seo chomh maith.

<sup>43</sup> Sráidbhaile agus baile fearainn i mbun Chnoc Bhréanainn i gCorca Dhuibhne; maidir le hInse, feic n. 34 thuas.

*Inch of the shells and Cloghane of the cockles.*

LS Innse Clachán

**179** Is úr gach brobh go Nollaig.

*Every rush stays fresh till Christmas, i.e. the dead season really begins at Christmas.*

LS Nodhlaig.

*Var.* Is samhradh gach síon go Nollaig. DCC 163 §15.

Is úr gach brobh (*nó* luibh) go Nollaig. SM §1829.

**180** Téann an bradán go bun na cruai<sup>44</sup>.

*The ridge [of a spade] reaches the bottom of the stack [of turf].*

LS Téidhan burdán [bradán *superscript*]

**181** Treabh an t-iomaire atá romhat. Cf. SM §1798.

*Plough the ridge ahead of you, i.e. face the task confronting you.*

LS rómhat.

#### AM AGUS LAETHANTA

**182** An aimsir an scéalaí.

*Time the storyteller, ie. time will tell.*

LS sgéluidhe.

*Var.* Is maith an sgéluidhe an aimsir. Sean-Fh 10; cf. IG 126 §62; TT 112 §194.

Is maith an t-eolaí deireadh an lae *nó* Is maith an scéalaí an aimsir. SM §1639–40.

**183** Dá fhaid é an lá tagann an oíche.

*However long the day night comes.*

LS oidhche.

*Var.* Pé an fhad an lá tagann an oidhche, ach ní thagann an óige faoi dhó choidhche, tagann an brón faoi dhó san oidhche. DCC 167 §48.

Dá fhaid lá, tigeann oidhche. MIP §105.

Dá fhaid é an lá is é dán na hoíche teacht *nó* Dá fhaid é an lá tagann an oíche faoi dheoidh. SM §1699; cf. SM §1988.

Dá fhaid lá tagann oidhche air. Sean-Fh 5.

**184** Is éascaí nóin ná maidean.

*Evening is speedier than morning, i.e. better to do a thing in the evening than to postpone it till next morning; cf. do not put off till tomorrow what you can do today.*

LS ésgaidhe maidan.

*Var.* Eusga neóin ná maidean. MIP §34.

Is ésgaidhe neóin 'ná maidin. Sean-Fh 8.

---

<sup>44</sup> Feic n. 31 thuas.

**185** Is fearr in am ioná in antráth.

*Better in time than too late.*

LS i n-am indá i n-antráith.

*Var.* Fearr amhail ná dóith. MIP §154.

Is fearr am 'ná dóth. Sean-Fh 8.

Is fearr an déidheanaighe ná ró-dhéidheanaighe. TT 112 §191.

**186** Is leor d'aon lá a thubaist féin.

*Its own misfortune is enough for any day, i.e. enough misfortune for one day.*

LS do aen

### AN AIMSIR<sup>45</sup>

**187** An Márta cruaidh gaofar is an tAibreán bog braonach a chuireas an bhrí i gcosaibh na seanchaorach.

*A severe, windy March and a soft, rainy April put life in the feet of the old sheep, i.e. suitable weather conditions to ensure growth.*

LS cruaidh, gaethmhar; an tAbrán bog, braenach,

A chuiras an bhrí i g-cosaibh na seanda-chaeirach.

*Var.* Márta cruaidh gaofar agus Aibreán bog braonach. Chun torthaí a thabhairt. SM §1929.

An t-Abrán bog braonach chuirfeadh brí i gcluais sean-chaorach. TT 115 §45.

**188** An uair is mó an anaithe is ea is giorra an chabhair.

*When the hurricane is at its height help is nearer, i.e. the greater the misfortune the nearer the help.*

LS anaighthe is sedh

*Var.* Mairg do báitear am an anfa; tigeann an ghrian i ndiaidh na fearthana. MIP §75.

Is mairg a báitear ar linn an anaithe mar tagann an ghrian i ndiaidh na fearthaine. 'Woe to those who are drowned in the hurricane, for the sun shines after rain.' SC 500 §29.

Nuair is mó í an anfa is ea is giorra í an chabhair. SM §1463.

Nuair is mó an anachain is eadh is girre do'n chabhair é. Sean-Fh 15.

Nuair is mó an anfhochain (nó anaithe) 'seadh is giorra an chabhair. TT 106 §40.

Feic §193 thíos.

**189** Dá mbeadh tiormach go Samhain ann do bheadh breall ar dhuine éigin.

*Were there to be drought till November somebody would be unhappy, i.e. because harvesting would not be done.*

LS m-beidhadh bheidhadh breall air éigin.

*Var.* Dá mbeadh soineann go Samhain bheadh breall ar dhuine éigin. SM §1940.

Dá mbeadh báisteach go Samhain ann ní bheadh ann acht ciath. TT 106 §15.

**190** Díth gacha síne an sioc agus do bhuaigh an tsíorbháisteach air.

*Frost is the worst of all weather and constant rain prevailed over it, i.e. constant rain is the worst weather of all.*

---

<sup>45</sup> D'oirfeadh §206, §277 agus §279 sa chatagóir seo chomh maith.

LS agas bhuaidh t-síorbháistach

Var. Díogha gach síne sioc. IG 158 §31.

Díogha gach síne an sioc (ach bhuaigh an tsíorbháisteach air). SM §1854.

Is féarr sioc ná síor-bháisteach. TT 106 §26.

**191** Gach re lá aoibhinn álainn ó lá 'le Bríde go lá 'le Pádraig. 'Is ea agus mo lá-sa leis,' arsa Pádraig!

*Every second day lovely and fine from St. Bridget's day to St. Patrick's day. 'Yes and my day included,' said Patrick!*

LS Geachara aibhin, álain lá lé Brighide gu lá lé

"Is seadh agas leis airsa Pádraig."

Var. Gach re lá go maith ó Lá Fhéile Bríde amach, agus gach lá ó Lá Fhéile Pádraig. 'Agus leath mo laese, leis,' arsa Pádraig. Sin mar a socraíodh agus Pádraig ar neamh, más fíor. SM §1947.

Gach re lá go haoibhinn álainn ó Lá Fhéile Bríde go Lá Fhéile Pádraig. SM §1948.

**192** Is fuar gach fliuch.

*Every wet [season] is cold.*

Var. Is fuar gach fliuch is is dubh gach déanach. SM §1861.

**193** Is mairg a báitear le linn na hanaithe is go dtagann an ghrian i ndiaidh na fearthainne.

*Pity the one who is drowned during the storm while sunshine follows on from rain, i.e. after rain comes sunshine.*

LS eadh báidhtar h-anaithe a's d-tagan n-diaig fearthaine.

Var. Mairg do báitear am an anfa; tigeann an ghrian i ndiaidh na fearthana. MIP §75.

Is mairg a báitear le linn na hanfamar tagann an ghrian i ndiaidh na fearthainne. SM §1876.

Is mairg a báidhtear i dtráth an anaithe, 's go dtagann an ghrian i ndiaidh na fearthainne. TT 116 §48.

Feic §188 thuas.

**194** Is maith an cháirde lá fada samhraidh.<sup>46</sup>

*A long summer's day is a blessing.*

LS samhraig samharaig.

**195** Is olc an tsín ná fóireann d'éinne.

*It is ill weather that does not benefit someone.*

LS t-sínd fóiran do aen-ne.

Var. Is olc an ghaoth ná séideann maith do dhuine éigin. SM §1541.

**196** Ní fuaire go fliche.

*There is no coldness until dampness, i.e. they go together.*

**197** Ní hionadh an tEarrach do bheith fuar is nach dual do do bheith te.

---

<sup>46</sup> Breactha síos dhá uair sa lámhscríbhinn ar lgh 120, 121, fá seach.



*A cold Spring and not usual for it to be warm is no surprise.*

LS h-iongnadh nách doish do teith.

**198** Ní luaithe ar an ngaoith Márta ná air.

*March is no sooner upon the wind than on [itself], i.e. March and gales go together.*

LS air an n-gaeith

*Var.* Ní luaithe ar a' ngaoith ná ar íntinn mná. SC 500 §39.

**199** Scairbhmhí na gcuach bíonn sí fliuch is bíonn sí fuar.

*The harsh month of the cuckoos is both wet and cold, i.e. the end of April and beginning of May.*

LS Sgairbh mhí g-cuach — bidhan bidhan

*Var.* Is garbh mí 'na gcuach. IG 185 §19.

Scairbhín na gCuach is garbh í is is fuar. Scairbhín: garbhshíon. Tagann sí i ndeireadh an Aibreáin. SM §1935.

## AINMHITHE<sup>47</sup>

**200** An chró roimis na hairc is na hairc gan breith.

*The sty before the piglets and the piglets yet unborn, i.e. do not expect to get something until you have it; cf. counting one's chickens before they hatch / are hatched.*

LS chródh

*Var.* Ná comhairimh na sicíní chuin go mbeid siad agat. GC 97.

Ná dein deimhin ded dhóchas nó Is mairg a dheineann deimhin dá dhóchas. SM §1685.

Ná bí ag déanamh na gcróite roim na torcaibh (nó roimis na hoirc). Cosúil leis an gceann roimhe sin. SM §1686.

**201** Ar thuairisc an ghadhair is gan fios a dhatha aige.<sup>48</sup>

*Looking for the dog unbeknownst to it, i.e. blind activity.*

LS Air thuairisg

*Var.* Ag lorg a mhadra agus gan fios (nó tásc) a dhatha aige. Cosúil le 'fuadar ná feadair'. SM §1209.

Ag cur tuairisc a mhadra is gan fios (nó tásc) a dhatha aige. SM §1669.

Ag lorg a mhadra is gan fios a dhatha aige. SM §2111.

**202** Bád gan stiúir is ea cú gan eireaball.

*A hound without a tail is a rudderless boat.*

LS is seadh erbal. eriobal .i. erriobal

*Var.* Bád gan stiúir nó cú gan eireaball. Is é an t-eireaball a stiúraíonn an chú. SM §2108; cf. GC 94; TT 107 §53.

<sup>47</sup> D'oirfeadh §126, §143, §266, §268, §270, §272 agus §273 sa chatagóir seo chomh maith.

<sup>48</sup> Feic n. 31 thuas.

**203** Bíonn dhá cheann ar an iasc.<sup>49</sup>

*The fish has two ends, i.e. there are two sides to a story.*

LS Bídhan air iasg.

*Var.* Ní bhíonn an chathair mar a tuairisc ar fad agus bíonn dhá cheann ar an iasc. GC 95.

Bíonn dhá cheann ar gach caora. SM §579.

Bíonn dhá cheann ar an magadh. SM §643.

Bíonn dhá cheann ar bhreac Trá Móire. Le háibhéil. SM §582.

Bíonn dhá insint ar scéal (agus dhá ghabháil dhéag ar amhrán). SM §663.

Bíonn dhá thaobh ar an mbileoig. Fan go gcloisfidh tú an taobh eile de gach scéal. SM §664.

Tá dhá cheann ar an magadh. TT 112 §192.

**204** Bíonn eagla ar an gcat a dóitear.

*The cat that is burned is frightened, i.e. once bitten twice shy.*

LS Bídhan eagla air a gcat a dóithar.

*Var.* Feic §57, §67 thuas, §225 thíos.

**205** D'íosfadh seanbhó sop.

*An old cow would eat a wisp of hay.*

LS Do íosfadh sean-bhó

**206** Dob fhéidir go dtiocfadh lá fós go mbeadh gnó ag an mboin dá heireaball.<sup>50</sup>

*The day may yet come when the cow would need its tail, i.e. warm weather when the cow's tail is busy swatting flies.*

LS Do budh d-tiocfadh m-beidhadh m-boin de a h-eiriobal

*Var.* Tiocfaidh lá fós a mbeidh gnó ag an mbó dá heireaball (nó go n-oirfeadh a heireaball don bhó). SM §1886.

**207** Faigheann an capall bás an fhaid ' bhíonn an féar ag fás.

*While the grass grows the horse dies, i.e. do not loose heart.*

LS Faghan capal bhidhan fér

*Var.* Gheibhean an capall bás faid do bhíonn an féar ag fás. MIP §193; cf. Sean-Fh 6; TT 113 §2.

Faigheann an capall bás an fhaid a bhíonn an féar ag fás. Deirtear é mar fhreagra ar an gcéad cheann eile [= §228 thíos]. SM §2051.

**208** Fliuchann fear an t-aon chaorach a bhrat.<sup>51</sup>

*The man of a single sheep wets his mantle, i.e. he of little wealth is vulnerable.*

LS fliuchan t-aen chaerach

*Var.* Fliuchann fear aon chaorach a bhrat chomh maith le fear a sé nó a seacht. SM §2180.

**209** Is anois díreach do bhíomar ag cur an chait is an mhadra ot iarraidh.

*We were sending the cat and the dog to look for you just now; cf. speak of the devil.*

---

<sup>49</sup> Feic n. 24 thuas.

<sup>50</sup> Feic n. 45 thuas.

<sup>51</sup> Feic n. 37 thuas.

LS an-is dírach du bhidheamair agh-t iarradh.

**210** Is ar mhaithe leis féin do dhéanann an cat crónán.

*The cat purrs for its own benefit.*

LS air dhéinan

*Var.* Ar a mhaithe leis féin a dhineann an cat crónán. DCC 169 §68.

Ar mhaithe leis féin a dhineann an cat crónán. SM §2138.

Mar mhaithe leis féin is eadh do ghní (dhineann) an cat crónán. Sean-Fh 11.

**211** Is as a ceann a crúitear an bhó .i. de réir mar a cothaítear í.

*The cow is milked from her head, i.e. a wellfed cow produces good milk.*

LS eadh crúidhtar mar cothaíghtar

**212** Is briosc bó Gheimhrigh agus is righin bó Earraigh, acht do bhain bó an tSamhraidh a cheann den amadán. (Deirtear so im thórmach ba).

*A Winter cow is easily milked and a Spring cow tough, i.e. lets milk down slowly, but the Summer cow confounded the fool. (This is said about springing cows.)*

LS briosg gheimhrig agas rín earraig [Agas cealaithe] bhuin t-Samharaig de'n derrthar so imb

**213** Is é cúl an chollaigh lena mhucaibh féin é.<sup>52</sup>

*It is the boar turning its back on its own pigs.*

LS Is sé chollaig le na mhucibh

*Var.* Col an chollaigh lena mhuca féin. Le duine a thabharfadh an drochíde chéanna ar a dhuine féin a thabharfadh sé ar an bhfear thall. SM §2164.

**214** Is fearr an chú a bhíos ar siúl ná an chú a bhíos ina lúib. Cf. GC 95.

*Better the hound that is out and about than the hound that is curled up asleep.*

LS bhídhair air siubhal bhídhair i n-a

*Var.* Is fearr an chú a bhíonn sa tsiúl ná an chú a bhíonn sa lúib. Sa lúib, i.e. ina codladh. SM §2107.

Is fearr an chú bhíonn san tsiubhal ná an chú bhíonn i luibh. TT 113 §4.

**215** Is fearr duit madraí an bhaile ag lútáil ort ioná aon mhadra amháin ag sceamhaíl ort. Cf. SM §2097.

*Better to have the dogs of the town fawning on you than one dog barking at you.*

LS madraidhe lúghtáil indá aen mhadradh sgemhaigial

*Var.* B'fhearra dhuine an madra féin a' lúthgháir roimhe ná ag amhastraigh air. MIP §215.

Is fearr an madra ag lúthgháir rómhat ná id choinne. MIP §215.

B'fhearr do dhuine an madradh féin go luth-gháireach roimhe 'ná ag amhastraigh air. Sean-Fh 4

**216** Is gad ar a' gcat a chroiceann.

---

<sup>52</sup> Feic n. 11 thuas.

*Its skin hampers the cat, i.e. acts as surety.*

LS air ag-cat

*Var.* Is geall ar an gcat a chraiceann. Deirtear san i dtaobh urraíochta agus a leithéid. Nuair a bheadh craiceann an chait agat gurbh urraíocht é sin ar an gcuid eile de. SM §2145.

**217** Is í an chaora mhór an t-uan i bhfad.

*The lamb [carried] far is the adult sheep, i.e. a light load carried far becomes heavy.*

LS *chaera mhuar bh-fad.*

*Var.* Is trom í an chearc i bhfaid. DCC 167 §42.

Is caora an t-uan i bhfad. MIP §174.

Is caora mhór an t-uan i bhfad. MIP §174; cf. SM §2178.

Is trom cearc i bhfad. MIP §174; cf. SM §2233.

**218** Is iomdha slí chum madra do thachtadh / mharú bun ós cionn lena thachtadh le hím.

*There are many ways to choke / kill a dog apart from choking it with butter.*

LS *slighe madradh thachtadh [mharbhadh superscript] bun-os-ciunn h-ím.*

**219** Is maith an capall a raideann tráthnóna.

*A horse that kicks in the evening is a good thing.*

LS capal raidann

**220** Is maith an rud an t-eagla ar an gcat is ar an madra.

*A frightened cat and dog is a good thing.*

LS *red andh egla air g-cat air*

*Var.* Is maith an rud eagla a chur ar mhadra. Madra, nó lucht oilc. SM §2094.

**221** Is minic gurbh í an bhó is sailche eireaball is airde géim.

*Often the cow with the dirtiest tail bellows the loudest.*

LS *gur bhi salaiche errabal airde*

*Var.* An bhó is sailche (salai) eireaball is í is airde géim. SM §2011.

An bhó is aoirde géim 'sí is caoile iarball. TT 105 §3.

**222** Is mó a shúil ná a sháith: súil an chait.

*Its eye is greater than its fill: the cat's eye.*

LS indá

**223** Is olc an madarua nach gcoinníonn a ghreim.

*A bad fox looses its morsel.*

LS *madadh ruadh nách g-congbhaighann ghrim.*

**224** Luí leis an uan is éirí leis an éan.<sup>53</sup>

---

<sup>53</sup> Feic n. 58 thíos.

*Lying down with the lamb and rising with the bird; cf. early to bed and early to rise, makes a man healthy, wealthy and wise.*

LS Luighe éirghíge

Var. Luigh leis an uan 7 éirigh leis an eun. IG 40.

Luí leis an uan agus éirí leis an éan. Ar mhaithe le do shláinte. SM §2168.

**225** Madarua dhá uair ní mealltar é. Cf. SM §1670, §2208.

*A fox is not fooled (or lured) twice, i.e. once bitten twice shy.*

LS Madadh ruadh e.

Var. Feic §57, §67, §204 thuas.

**226** Madarua i mbun na gcearc. Cf. SM §2209; TT 111 §150.

*A fox in charge of the hens, i.e. causing an enormous fight or flap; cf. setting the cat among the pigeons.*

LS Madadh ruadh m-bun g-cearc.

**227** Madarua i gcroiceann na fóisce.

*A fox in the skin of a ewe, i.e. false or dangerous; cf. a wolf in sheep's clothing.*

LS Madadh ruadh g-croicann fóisge.

Var. Mac-tíre i gcroiceann na fóisge (.i. na caorach: oisg, O'R.<sup>54</sup>). IG 79 §6.

**228** Mair a chapail agus geobhair féar. Cf. SM §1698.

*Live horse and you will get grass, i.e. do not loose heart.*

LS chapail [a's cealaithe] agas féar.

Var. Gheibheann an capall bás faid do bhíonn an féar ag fás. MIP §193.

Mair a chapail is gheobhair féar! Nuair a chuirtear cabhair ar cairde. SM §2052.

Feic §207 thuas.

**229** Muna mbeadh agat acht amháin pocán gabhair tabhair go ceartlár an aonaigh é.<sup>55</sup>

*Even if all you had was a puck goat [to sell], bring it to the very middle of the fair, i.e. have the confidence to undertake anything.*

LS m-beidhadh cert-lár aenaig

Var. Muna mbeidh agat ach pocán gabhair (muna bhfuil agat ach pocán gabhair), bí i lár an aonaigh. DCC 163 §11.

Muna mbeadh agat ach pocán gabhair bí i lár aon aonaigh leis. Pé gnó a bheidh á dhéanamh agat ná bíodh cúthaileacht ná scáthúlacht ort á dhéanamh. SM §2200.

Muna mbéadh acht puisín agam, bhéinn i lár aon aonaigh leis. Sean-Fh 12.

**230** Ó b'annamh leis an gcat srathar do bheith air. Cf. SeanAÍL 354 §151; Sean-Fh. 3.

*Since the cat seldom wore (or would wear) a straddle, i.e. an unusual course of action.*

LS budh anamh g-cat

<sup>54</sup> i.e. Edward O'Reilly, *An Irish-English Dictionary*, Dublin, 1817.

<sup>55</sup> 'Buck Bowler' breactha ina dhiaidh seo sa lámhscríbhinn.

*Var.* Ó b'annamh leis an gcat srathar a bheith air.

Duine sprionlaithe a mbuailfeadh fonn seasaimh nó déirce air. SM §1455.

Ó b'annamh leis an gcat srathar a bheith air. Le cúrsa neamhghnách ar fad. SM §2139.

Feic §114 thuas.

*Nóta* Dob é seo miniú Amhlaoibh Uí Luínse air mar sheanfhocal:

Dá mbeadh rud agam á thúirt uaim, i bhfuirm páirtí nú féasta, agus go n-iarrfainn na còrsain — riamh roimis sin níor thugas éinní dá shaghas uaim — déarfadh na còrsain: 'Tá sé cho maith againn go léir bailiú timpal air, ó b'annamh leis an gcat srathar a bheith air!' Deirthar, leis, *Ní i gcónaí a bhíonn Seán Bui á phósa ná cóir aige chuige.* SeanAíl 354 §151.

### 231 Ritheann cinniúin ar fhrancach.

*Misfortune comes (suddenly) upon a rat, i.e. misfortune can befall anyone unexpectedly ?*

LS Rithan cinnamhain air

*Var.* Feic §50 thuas.

### 232 Súgradh an chaitín is an luichín.

*Cat-and-mouse game; cf. playing cat and mouse.*

### 233 'Tobac,' arsa an madarua is é Traígh Mhóir<sup>56</sup> soir.

*'Tobacco,' said the fox while already east in Tramore.*

LS airs madadh ruadh Traígh-mhuair

*Var.* Tobac — arsa an madarua is é Traígh Mhór soir. Nuair a bhíonn siúl faoi dhuine nó rud. SM §991.

### 234 Um ghoid na Glas Gaibhní.

*Stealing the Glas Ghaibhneach.*

LS Glas-Ghaibhnaíge

*Var.* Chomh bleachtmhar leis an nGlas Ghaibhneach. Ba í an Ghlas Ghaibhneach nó an Ghlas Ghaibhleann an bhó ab fhearr a bhí in Éirinn riamh. Bó dhraíochta ab ea í a thagadh á crú ag daoine bochta nach mbíodh bó acu féin. Níorbh fhéidir í a shniogadh dá mhéid é an t-árthach a bhíodh le líonadh. Bhí bean ann a dúirt go sniogfadh sí féin í. Fuair sí criathar agus chrom sí ar í a chrú isteach ann. Lean sí uirthi go raibh loch bhainne sa pháirc. Níor éirigh sí as an gcrú gur éirigh an loch chomh hard sin gurbh éigean dí [*sic*] féin teitheadh ar eagla a báite. D'imigh an Ghlas Ghaibhneach léi agus ní fhacthas riamh ó shin in Éirinn í. SM §2392.

*Nóta* Ina shaothar *Hero-Tales of Ireland* (1894), thug Jeremiah Curtin (1835–1906) tús áite do leagan Iarthar Duibhneach den scéal ar an nGlas Ghaibhneach — *Elin Gow, the Swordsmith from Erin, and the Cow Glas Gaineach*. Tá sé inspéise gur thagair sé go speisialta sa réamhrá dóibh siúd a chuir comaoin mhór air, ina measc, bailitheoir an chnósaigh seanráite is gnó anseo dhúinn, 'Mr. Patrick Ferriter, of Dingle, a man of keen intelligence and an excellent Gaelic scholar' (ag li).<sup>57</sup>

<sup>56</sup> Cf. 'ó Thraígh Mhóir go hEochaill', i.e. foirm chéanna an logainm in Sheehan, M., *Gile na mBláth with Notes and Vocabulary*, Dublin, 1912, 59.

<sup>57</sup> Cf. Bourke, A., 'The Myth Business: Jeremiah and Alma Curtin in Ireland, 1887–1893', *Éire-Ireland* 44, uimhir 3–4, 2009, 140–70 (ag 160–3).

**235** Beathaíonn an dreoilín a ghearrcaigh.  
*The wren feeds its fledglings.*

LS *Bethaighan ash ghearrcaig*

**236** Cearc idir dhá stáca nó muileann idir dhá abhainn.  
*A hen between two stacks or a mill between two rivers.*

LS *i d-tar muillan i d-tar abhain*

**237** Is é do choileach a ghlaoigh.<sup>59</sup>  
*Your cock crew.*

LS *choillach ghlaeidh.*

**238** Is é spáráil na circe fraoich ar a' bhfraoch é.  
*It is the grouse sparing the heather, i.e. unnecessary frugality.*

LS Is sé spáráil fraeích air a bh-fraech

*Var.* Spáráil na circe fraoigh ar an bhfraoch is an saol go léir á ithe. Le duine a bhíonn spáralach ar rud a bhíonn go flúirseach aige. Deirtear nach n-itheann an chearc fraoigh ach a bhfuil de fhraoch idir a dhá cois ar eagla nach seasfadh sé dhi. SM §2267; cf. SM §1350.

**239** Is geal leis an bhfiach dubh a ghearrcach. Cf. DCC 167 §45; SC 500 §28; TT 106 §31.  
*The raven thinks its fledgling is bright (or fair).*

LS *bh-fiach gheárcach*

*Var.* Geal leis an bhfiach ndubh a gheárcach féin. MIP §166; cf. Sean-Fh 9.

Is geal leis an bhfiach dubh a ghearrcach féin. Agus an dálda céanna ag an duine. SM §2264.

**240** Ní bhíonn an t-ubh acht mar a mbíonn an t-éan.  
*There is no egg except where the bird is.*

LS *bhidhan t-obh m-bídhán t-én.*

**241** Ní scoilteann ar chirc na n-éan.  
*The hen with young does not get fat, i.e. she feeds her young rather than herself.*

LS *sgoilteann air*

*Var.* Níor scoilth riamh ar chearc na sicíní: tugann sí gach éinní dosna sicíní. SeanAÍL 353 §139.

Mionán is scoltha air is mionán gan pioc, i.e. 'an bolg ró-lán ag cuid acu agus cuid acu ocrach i. i. iomarca ag daoine áirithe agus easpa ar dhaoine eile'. ScéalAÍL 79, 346.

**242** Ní sia gob an ghé ioná gob an ghandail.

<sup>58</sup> D'oirfeadh §224, §261, §264 agus §269 anseo chomh maith.

<sup>59</sup> 'A chitty Baile na Saer', nóta ar chlé uaidh seo sa lámhscríbhinn.

*The goose's beak is not longer than the gander's, i.e. acceptable behaviour for one should be equally acceptable for another; cf. what is sauce for the goose is sauce for the gander.*

LS ghéi indá ghanndail

Var. Ní sia gob an ghé ná gob an ghandail. Faigheadh gach aoinne a cheart féin. SM §2247.

Ní sia gob an ghanndail ná gob an ghéidh. TT 106 §35.

**243** Tá tinneas na circe air.

*He has the hen's affliction, i.e. he cannot sit still; cf. like a hen on a (hot) griddle.*

LS tinneas

Var. Tinneas na circe. Le duine a bheadh corrrhónach, a mbeadh, mar a deirtear, ubh aige. SM §2234.

Chomh gnóthach le circ a mbeadh ubh aici. SM §2236.

## ILCHINEÁLACH

**244** An rud a bhíonn ar siúl bíonn sé ag síleadh.

*Whatever is in progress is flowing (or shedding).*

LS eadh bhidhan air siúbhal bidhan se silladh.

**245** An uair a bhíonn Éire i bpáirt meathann sí.

*Ireland divided deteriorates.*

LS bhidhan b-páirt meathan

Var. Nuair a bhíonn Éire i bpáirt (nó i gcomhar) meathann sí. SM §1111.

**246** Fuar fuar é, te te é, tóg uaim é, 'seáin (= taispeáin) i leith é.

*Cold cold, hot hot, take it from me, pass it over.*

LS teith teith, bhuaim (= tesbáin) l-leith

**247** Gorm chum buancais agus uaithne chum suiríochta, crón do dhaoine móra agus buí mór do thóicibh.

*Blue for durability and green for courting, dark yellow for the high and mighty and as yellow as yellow can be for girls.*

LS agas suiríochta muara agas muar thuicidhibh.

*Nóta* Tá a chosúlacht seo sa tsliocht seo a leanas as treas véarsa an amhráin *Aonach Bhearna na Gaoithe*:

Bhí bán, dearg, uaithne, gorm chun buanfais,  
dubh ann don uaisle is airde,  
an tOrange ag gluaiseacht ar eagla a bhuaile  
is cheannaigh na sluaite an buí ann.<sup>60</sup>

**248** Is maith an dath buí acht dath eile bheith trís.<sup>61</sup>

<sup>60</sup> Tyers, P., *Sliabh gCua m'Óige*, An Daingean, 2003, 73–6 (ag 74).



*Yellow is a good colour with another colour mixed through it.*

LS daith buidhe daith tridhis.

**249** Ní lia tír ioná nós.

*Every country to its own, i.e. so many men, so many minds.*

LS lie indá

**250** Ní lú frigh ioná máthair an oilc. Cf. TT 113 §6.

*A fleshworm is no smaller than the cause of evil, i.e. it takes the smallest thing to cause trouble.*

LS lúgha fruig indá

*Var.* Ní lúgha an fhroig ná máthair an uilc. MIP §51; cf. IG 185 §21.

Ní lú frigh ná máthair an oilc. Déarfai é seo le cúrsaí eile chomh maith le tinneas. SM §156.

Ní lú frigh ná máthair an oilc (*nó* is lú ná fríd máthair an oilc). SM §1505.

**251** Tigh ar béal bóthair ní haistear gabháil ann.<sup>62</sup> Cf. TT 109 §110.

*It is no journey going to a house by the roadside.*

LS air bél h-aistar

*Var.* Tigh ar béal bóthair; ní haistear é acht comhgar. Sean-Fh 16.

**252** Tóg uaim é is gan uaim acht é. Cf. Sean-Fh 16.

*Take it from me while all I want is it.*

LS bhuaim

## TRÉANNA

**253** Bean, caora is muc: na trí nithe is dáine amuigh.

*A woman, a sheep and a pig: the three boldest things out there.*

LS trí [nig cealaithe] nidhthe imuich

*Var.* Bean, muc, is múille, an triúr is deacra do mhúnadh. MIP §248.

**254** Bean bhreá, capall bán is tigh ar árd: trí nithe ar nach raibh riamh ádh.

*A fine woman, a white horse and a house on a height: three things that were never lucky.*

LS bhreágh a's tig air nidhthe air nách raibh [raibh cealaithe] riemh ádh.

*Var.* Trí nithe nách buan, — bó bhán, bean bhreágh, tigh ar árd. MIP §265.

Bean bhreá, capall bán, nó tigh ar árd, — trí nithe ná bíonn ámharach. SM §2279.

---

<sup>61</sup> Is gnáthaí *trís* roimis an t-alt (uatha agus iolra) i gCorca Dhuibhne; feic na solaoídí in Ó Sé, D., *op. cit.*, 197 §413.

<sup>62</sup> ‘Mrs Lynch’ breactha díreach ina dhiaidh seo sa lámhscríbhinn chomh maith leis an dáta ‘17.1.1894’ idir lúibíní.

**255** Na trí nithe is fearr do cheannaigh mac bodaigh ariamh: ceannach críche, ceannach lárach agus ceannach cránach.

*The three best things a churl's son ever bought: buying land, buying a mare and buying a sow.*

LS *nidhthe chennaig bodaig cennach cennach* , agus *cennach*

**256** Trí chomhartha an dailtín: fead, feirc agus fiafraí.

*The three signs of the cad: a whistle, a paunch and curiosity.*

LS *fed* , agus *fiafraighe*.

*Var.* Trí chomhartha an duine dhona, .i. urradhas, eadargáil, agus finné. MIP §236.

Trí ní a bhaineas le bligeard: feirc, feadaíl, agus fiafraitheacht. SM §2317.

### COSÚLÓIDÍ AGUS COMÓRTAISÍ

**257** Comh buí leis an mbuí móir.

*As yellow as yellow can be.*

LS *Cómh buidhe m-buidhe muair*.

*Var.* Chomh buí le hór (le bolg an tseilmide, le prás). SM §2398.

**258** Comh cliste le fear na méaracán.

*As clever as the thimblerrigger.*

LS *Comh clisde fer méaracán*.

*Var.* Chomh glic leis an madarua (*nó sionnach*), (leis na beacha, leis an áibhirseoir, le Písín, le fear na méaracán). SM §2460.

**259** Comh cruaidh leis an gcloich.

*As hard as stone.*

LS *Cómh g-cloich*.

*Var.* Chomh cruaidh le hiarann (le cloich, leis an gcarraig). SM §2415.

**260** Comh díomhaoín le lúidín an phíopaire. Cf. SM §2426.

*As idle as the piper's little finger.*

LS *Cómh*

**261** Comh dubh le fiach dubh.<sup>63</sup>

*As black as a raven.*

LS *Cómh fiachdubh*.

*Var.* Chomh dubh le sméar (le daol, le gual, le súich, le hairne, le tóin an chorcáin, le clúmh an fhiaigh dhuibh, leis an mbinn). SM §2431.

**262** Comh dubh le gual.

*As black as coal.*

---

<sup>63</sup> Feic n. 58 thuas.

LS *Cómh*

**263** *Comh dubh leis an súgha.*  
*As black as the soot.*

LS *Cómh súdh*

**264** *Comh héadrom le héan.*<sup>64</sup>  
*As light as a bird.*

LS *Cómh h-éadtrom h-éan.*

*Var.* Chomh héadrom le sop (le héan, le giorria, le lon ar sceach, le cleite, le clúmh, le lóchán). SM §2433.

**265** *Comh héadrom le sop.*  
*As light as a wisp of hay.*

LS *Cómh h-éadtrom*

**266** *Comh folláin le breac.*<sup>65</sup>  
*As healthy as a trout, i.e. in the pink of health.*

LS *Cómh fuláin*

*Var.* Chomh folláin le breac (leis an mbradán). SM §2445.

**267** *Comh geal leis an sneachta.*  
*As bright as the snow.*

LS *Cómh*

*Var.* Chomh geal leis an ngréin (le sneachta, le hairgead, le scilling, le plúr, le lítis, le táth lín, le cailc). SM §2451.

Chomh geal le bainne. TT 98 §44.

**268** *Comh géar le bó mhaol.*<sup>66</sup>  
*As sharp as a hornless cow.*

LS *Cómh gér mhael.*

*Var.* Chomh géar le súil cailín i lár cuideachtan. SM §2453.

Chomh géar le nimh. SM §2454.

Chomh géar le bó mhaol. Chun magaidh a deirtear é seo. SM §2455.

**269** *Comh gnóthach le cearc / circ go mbeadh ubh aici.*<sup>67</sup>  
*As busy as a hen that would lay an egg.*

LS *Có cearc [circ superscript] m-beidhadh obh aice.*

*Var.* Chomh gnóthach le circ a mbeadh ubh aici. SM §2236.

---

<sup>64</sup> Feic n. 58 thuas.

<sup>65</sup> Feic n. 47 thuas.

<sup>66</sup> Feic n. 47 thuas.

<sup>67</sup> Feic n. 58 thuas.

**270** Cómh liath le broc.<sup>68</sup> Cf. SM §2474.  
*As grey as a badger.*

LS Cómh

**271** Comh liath leis an gceo.  
*As grey as the fog.*

LS g-ceo.

**272** Comh liath le luich.<sup>69</sup>  
*As grey as a mouse.*

**273** Comh luath le fia.<sup>70</sup>  
*As swift as a deer.*

**274** Comh luath le gaoith.  
*As swift as the wind.*

*Var.* Chomh luath le giorria (le seabhac trí choill, le hintinn mná idir bheirt fhear). SM §2476.

**275** Comh soiléir le gréin.  
*As clear as the sun.*

LS Cómh

*Var.* Chomh glan le scilling (leis an nga gréine, leis an bhfíoruisce). SM §2457.

**276** Comh trom le cloich.  
*As heavy as a stone.*

LS Cómh

*Var.* Chomh trom le cloich (le cnap miotail, le luaidhe). SM §2516.

Chomh trom sin is go n-íosfá le spiúnóig é. Ceo a bheadh i gceist. SM §2517.

## RANNA

**277** An ghaoth anoir bíonn sí dubh, cuireann sí sioc istoíche;  
an ghaoth aneas bíonn sí tais, cuireann sí an rath ar shíoltaibh;  
an ghaoth aniar bíonn sí dian, cuireann sí iasc i líontaibh;  
an ghaoth aduaidh bíonn sí fuar, cuireann sí fuacht ar dhaoinibh.<sup>71</sup>  
*The east wind is severe, it causes frost at night; the south wind is moist, it causes seeds to flourish; the west wind is intense, it puts fish in nets; the north wind is cold, it makes people cold.*

---

<sup>68</sup> Feic n. 47 thuas.

<sup>69</sup> Feic n. 47 thuas.

<sup>70</sup> Feic n. 47 thuas.

<sup>71</sup> Feic n. 45 thuas.

LS *ghaeth* a n-oir, bidhan sí dubh; cuirán sí sioc i-sdoidhche. *ghaeth* a n-deas, bidhan sí tais; cuirán sí an raith air shíoltibh. *ghaeth* a n-iar, bidhan sí dian; cuirán sí iasg i líontibh. *ghaeth* a d-tuaidh, bidhan sí fuar; cuirán sí fuacht air dhainibh.

*Var.* Gaoth anduaidh bíonn sí fuar agus cuireann sí gruaim ar dhaoineibh, gaoth andeas bíonn sí tais is cuireann sí rath ar shíoltaibh, gaoth anoir bíonn sí tirim is cuireann sí brat ar chaoiribh, gaoth aniar bíonn sí fial is cuireann sí iasc i líontaibh. DCC 169 §1(a).

Gaoth aniar, gealach is grian,  
gaoth anoir, sneachta thar troigh. DCC 233 §1(a).

An ghaoth a dtuaidh 's an ghrian a ndeas,  
cloidhe cluthmhar 7 bolg lán. IG 104 §11.

Gaoth anduaidh, bíonn sí cruaidh 7 baineann sí uain as caoiribh,  
gaoth andeas, bíonn sí tais, 7 cuireann sí an rath ar shíoltaibh,  
gaoth anoir, bíonn sí treis, 7 cuireann sí feile ar dhaoineibh,  
gaoth aniar, bíonn sí dian, 7 cuireann sí iasg chu' líontaibh. IG 157 §26.

An ghaoth aduaidh bíonn sí cruaidh is cuireann sí gruaim ar dhaoine,  
an g[h]aoth aneas bíonn sí tais is cuireann sí rath ar shíolta,  
an ghaoth anoir bíonn sí tirim is cuireann sí brait ar chaoiribh,  
an ghaoth aniar bíonn sí fial is cuireann sí iasc i líonta. SM §1872.

Gaoth a ndeas, bíonn sí tais, is cuireann sí rath ar shíoltaibh;  
gaoth a dtuaidh, bíonn sí fuar, is cuireann sí fuacht ar dhaoineibh;  
gaoth aniar, bíonn sí dian, is cuireann sí iasg i líontaibh;  
gaoth anoir, bíonn sí dubh, is cuireann sí sioc ist-oidhche. TT 118 §13; cf. IG 140–1 §25.

**278** Is dóigh le hár muintir in Éirinn  
go bhfuilimid go haerach i n*Duck*, (i. Bondsville)  
is a dtuillimid d'airgead ar na *railroads*  
go gcaithimid é ar bhia agus ar dheoch.  
*Our family in Ireland thinks that we are happy in Duck (i.e. Bondsville) and that we spend all we earn on the railroads on food and drink.*

LS dóil le h-ár muíntir Gu bh-fuillimid gu h-aedharach i n-Duck, (i. Bondville) d-tuillimid d'airgead air gu g-caithimid air bhiadh agus air

*Nóta:* I measc na gcomhlachtaí fiodóireachta i Massachusetts, bunaíodh an *Boston Duck Company* i sráidbhaile Bondsville, 1845–6, muileann cadáis, i.e. túcáin (*duck cotton*), ar abha an Swift. Duckville a tugtaí coitianta ar cheantar Bondsville timpeall ar an muileann féin.<sup>72</sup>

**279** Lá Pheadair is Phóil  
má sheolann grian go glan  
beidh grán san bhFómhar  
is is dóigh liom an bhliain go maith.<sup>73</sup>

<sup>72</sup> Feic <https://www.sec.state.ma.us/mhc/mhpdf/townreports/CT-Valley/pal.pdf>, *MHC Reconnaissance Survey Town Report Palmer* 1982, 6–8 (ceadaithe 24/9/2015).

<sup>73</sup> Feic n. 42 agus n. 45 thuas.

*If sun shines clearly on the feast of Peter and Paul [29 June] there will be a good harvest and, methinks, a good year.*

LS *sheólan* 's-an bh-Fómhar dóil lium bhliaghuin

*Var.* 'Lá Pheadair is Póil is eadh fhógarann a' Ghrian a' teas'. SÓC 362.